

CONRADH NICE

AG LEASÚ AN CHONARTHA AR AN AONTAS EORPACH,
NA gCONARTHAÍ AG BUNÚ NA gCOMHPHOBAL EORPACH
AGUS IONSTRAIMÍ GAOLMHARA ÁIRITHE

TÁ

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

UACHTARÁN NA hÉIREANN,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

A SHOILSE RÍ NA SUALAINNE,

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

AG MEABHRÚ DÓIBH an tábhacht stairiúil atá ag deireadh a theacht le scoilt mhór-roinn na hEorpa,

ÓS MIAN LEO an próiseas a chríochnú ar cuireadh tús leis i gConradh Amstardam d'fhonn institiúidí an Aontais a ullmhú chun oibriú in Aontas méadaithe,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU dul ar aghaidh ar an mbonn sin leis na caibidlí aontachais d'fhonn clabhsúr rathúil a chur orthu i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS A BHEARTÚ an Conradh ar an Aontas Eorpach, na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus ionstraimí gaolmhara áirithe a leasú,

agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH:

An tUasal Louis MICHEL,
Leas-Phríomhaire agus Aire Gnóthaí Eachtracha;

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE:

An tUasal Mogens LYKKETOFT,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE:

An tUasal Joseph FISCHER,
Aire Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha agus Leas-Seansailéir Cónaidhme;

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ:

An tUasal Georgios PAPANDEOU,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE:

An tUasal Josep PIQUÉ I CAMPS,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE:

An tUasal Hubert VÉDRINE,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN NA hÉIREANN:

An tUasal Brian COWEN,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE:

An tUasal Lamberto DINI,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG:

Lydie POLFER,

Leas-Phríomhaire, Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Eachtraí;

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE:

An tUasal Jozias Johannes VAN AARTSEN,

Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN CÓNADHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE:

Benita FERRERO-WALDNER,

Aire Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE:

An tUasal Jaime GAMA,

Ministro de Estado, Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE:

An tUasal Erkki TUOMIOJA,

Aire Gnóthaí Eachtracha;

A SHOILSE RÍ NA SUALAINNE:

Anna LINDH,

Aire Gnóthaí Eachtracha;

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN:

An tUasal Robin COOK,

Státrúnaí Gnóthaí Eachtracha agus Comhlathais;

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID A hAON
LEASUITHE SUBSTAINTEACHA

Airteagal 1

Déanfar an Conradh ar an Aontas Eorpach a leasú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

1. Ar thogra réasúnaithe ó aon trian de na Ballstáit, ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gCoimisiún, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí cheithre chúigiú dá comhaltaí tar éis aontú Parlaimint na hEorpa a fháil, a shuíomh go bhfuil baol soiléir ann Ballstát do dhéanamh sárú tromchúiseach ar phrionsabail atá luaite in Airteagal 6(1) agus moltaí iomchuí a dhíriú chuig an mBallstát sin. Sula suífidh sí amhlaidh, éistfidh an Chomhairle an Ballstát i dtrácht agus féadfaidh sí, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, iarraidh ar dhaoine neamhspleácha tuarascáil a thíolacadh laistigh de thréimhse réasúnta maidir leis an staid sa Bhallstát i dtrácht.

Athbhreithneoidh an Chomhairle go tráthrialta an bhfuil feidhm i gcónaí ag na forais a bhí lena suíomh amhlaidh.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais agus ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó thrian de na Ballstáit nó ón gCoimisiún agus tar éis aontú Parlaimint na hEorpa a fháil, a shuíomh go bhfuil sárú tromchúiseach leanúnach á dhéanamh ag Ballstát ar phrionsabail atá luaite in Airteagal 6(1), tar éis iarraidh ar rialtas an Bhallstáit i gceist a bharúlacha a thíolacadh.

3. Nuair a shuífear amhlaidh faoi mhír 2, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh cearta áirithe a chineann ón gConradh seo a chur i bhfeidhm ar an mBallstát i gceist a fhionraí, lena n-áirítear cearta vótála ionadaí rialtas an Bhallstáit sin sa Chomhairle. Lena linn sin, tabharfaidh an Chomhairle aird ar na hiarmhairtí a fhéadfaidh teacht ón bhfionraíocht sin i dtaca le cearta agus oibleagáidí daoine nádúrtha agus dlítheanacha.

Leanfaidh oibleagáidí an Bhallstáit i gceist faoin gConradh seo de bheith ina gceangal ar an mBallstát sin ar aon chuma.

4. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh dá éis sin na bearta arna nglacadh faoi mhír 3 a athrú nó a chúlghairm mar fhreagra ar athruithe sa staid ba bhun leis na bearta sin a fhorchur.

5. Chun críche an Airteagail seo, gníomhóidh an Chomhairle gan vóta ionadaí an Bhallstáit i gceist a chur san áireamh. Ní chuirfidh staonadh ó vótáil ag comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó a mbeidh ionadaithe ag feidhmiú thar a gceann cosc ar chinntí dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh. Saineofar tromlach cáilithe mar an chionmhaireacht chéanna de vótaí ualaithe na gcomhaltaí i dtrácht den Chomhairle atá leagtha síos in Airteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Beidh feidhm ag an mír seo freisin i gcás cearta vótála a fhionraí de bhun mhír 2.

6. Chun críche mhíreanna 1 agus 2, gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh is ionann agus tromlach dá comhaltaí.”

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

“Airteagal 17

1. Cuimseoidh an comhbheartas eachtrach agus slándála na ceisteanna uile a bhaineann le slándáil an Aontais, lena n-áirítear comhbheartas cosanta a chumadh go comhleanúnach, as a bhféadfadh comhchosaint teacht, dá gcinnfeadh an Chomhairle Eorpach amhlaidh. Sa chás sin, molfaidh sí do na Ballstáit cinneadh den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Ní dhéanfaidh beartas an Aontais i gcomhréir leis an Airteagal seo dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus urramóidh sé na hoibleagáidí a chineann ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i gcás Ballstát áirithe a mheasann go bhfuil a gcomhchosaint bainte amach acu in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), agus beidh sé ag luí leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta arna bhunú sa chreat sin.

Agus comhbheartas cosanta á chumadh go comhleanúnach, beidh comhar idir Ballstáit i réimse na n-armálacha mar thaca aige, má mheasann na Ballstáit gur iomchuí é.

2. Cuimseoidh na ceisteanna dá dtagraítear san Airteagal seo cúraimí daonchairdis agus tarrthála, cúraimí síochánaíochta agus cúraimí fórsaí comhraic le linn bainistíochta géarchéime, lena n-áirítear síocháin a dhéanamh.

3. Déanfar cinntí a bhfuil impleachtaí cosanta acu agus a ndéileáiltear leo faoin Airteagal seo a ghlacadh gan dochar do na beartais agus na hoibleagáidí dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1.

4. Ní choiscfidh forálacha an Airteagail seo comhar níos dlúithe idir dhá Bhallstát nó níos mó a fhorbairt ar bhonn déthaobhach, faoi chuimsiú Aontas Iarthar na hEorpa (AIE) agus ECAT, ar choinníoll nach mbeidh an comhar sin ina shárú ná ina bhac ar an gcomhar dá bhforáiltear sa Teideal seo.

5. D'fhonn cuspóirí an Airteagail seo a chur ar aghaidh, déanfar forálacha an Airteagail seo a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 48.”

3. In Airteagal 23(2), cuirtear an tríú fleasc seo a leanas leis an gcéad fhomhír:

“— nuair a ainmneoidh sí ionadaí speisialta i gcomhréir le hAirteagal 18(5).”

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

“Airteagal 24

1. Nuair is gá comhaontú a thabhairt i gcrích le Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó d'fhonn an Teideal seo a chur chun feidhme, féadfaidh an Chomhairle a údarú don Uachtaránacht, a mbeidh cúnaimh aici ón gCoimisiún mar is iomchuí, caibidlíocht a oscailt chuige sin. Tabharfaidh an Chomhairle comhaontuithe den sórt sin i gcrích ar mholadh ón Uachtaránacht.

2. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil nuair a bhaineann an comhaontú le ceist ar gá aontoilíocht a bheith léi chun cinntí inmheánacha a ghlacadh.

3. Nuair a bheartaítear an comhaontú chun gníomhaíocht chomhpháirteach nó comhsheasamh a chur chun feidhme, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 23(2).

4. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo freisin maidir le hábhair a thig faoi Theideal VI. Nuair a fholaíonn an comhaontú ceist ar gá tromlach cáilithe a bheith léi chun cinní nó bearta inmheánacha a ghlacadh, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 34(3).

5. Ní bheidh aon chomhaontú ina cheangal ar Bhallstát a ndearbhaíonn a ionadaí sa Chomhairle nach foláir dó ceanglais a nós imeachta bhunreachtúil féin a chomhlíonadh; féadfaidh comhaltaí eile na Comhairle a chomhaontú go mbeidh feidhm dá ainneoin ag an gcomhaontú go sealadach.

6. Beidh comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo ina gceangal ar institiúidí an Aontais.”

5. In Airteagal 25, cuirtear isteach an dara mír agus an tríú mír seo a leanas:

“*Airteagal 25*

Gan dochar d'Airteagal 207 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, déanfaidh Coiste Polaitiúil agus Slándála faireachán ar an staid idirnáisiúnta sna réimsí a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála, agus rannchuideoidh sé le beartais a shainiú trí thuairimí a thabhairt don Chomhairle arna iarraidh sin don Chomhairle nó ar a thionscnamh féin. Déanfaidh sé freisin faireachán ar chur chun feidhme beartas comhaontaithe, gan dochar do fhreagracht na hUachtaránachta agus an Choimisiúin.

Faoi chuimsiú an Teidil seo, feidhmeoidh an Coiste, faoi fhreagracht na Comhairle, rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach oibríochtaí bainistíochta géarchéime.

Féadfaidh an Chomhairle an Coiste a údarú, ar mhaithe le hoibríocht bainistíochta géarchéime agus ar feadh a ré faoi mar atá siad araon arna gcinneadh ag an gComhairle, na cinní ábhartha maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach na hoibríochta, gan dochar d'Airteagal 47.”

6. Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“*Airteagal 27a*

1. Is é is aidhm don chomhar feabhsaithe i gceann de na réimsí dá dtagraítear sa Teideal seo luachanna agus leasanna an Aontais ina iomláine a choimirciú agus fónamh dóibh trína fhéiniúlacht a dhearbhu mar fhórsa comhghreamaitheach ar an ardán idirnáisiúnta. Urramóidh sé:

— prionsabail, cuspóirí, treoirlínte ginearálta agus comhchuibheas an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus na cinní arna nglacadh faoi chuimsiú an bheartais sin;

— cumhachtaí an Chomhphobail Eorpaigh, agus

— comhchuibheas idir beartais uile an Aontais agus a ghníomhaíochtaí eachtracha.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 27 agus Airteagail 27b go 28 den Chonradh seo maidir leis an gcomhar feabhsaithe dá bhforáiltear san Airteagal seo, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 27c agus in Airteagail 43 go 45.

Airteagal 27b

Féadfaidh comhar feabhsaithe de bhun an Teidil seo baint a bheith aige le gníomhaíocht chomhpháirteach nó comhsheasamh a chur chun feidhme. Ní bhainfidh siad le ceisteanna a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

Airteagal 27c

Na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu comhar feabhsaithe faoi Airteagal 27b a bhunú eatarthu féin, díreoidh siad iarraidh chuig an gChomhairle.

Cuirfear an iarraidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig Parlaimint na hEorpa mar eolas. Tabharfaidh an Coimisiún a thuairim, go háirithe maidir le comhchuibheas an chomhair fheabhsaithe arna bheartú le beartais an Aontais. Deonóidh an Chomhairle an t-údarú, ag gníomhú di i gcomhréir leis an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 23(2) den Chonradh seo, agus Airteagail 43 go 45 á gcomhlíonadh.

Airteagal 27d

Gan dochar do chumhachtaí na hUachtaránachta nó an Choimisiúin, áiritheoidh Ardrúnaí na Comhairle, Ardionadaí don chomhbheartas eachtrach agus slándála, go háirithe go gcoimeádtar Parlaimint na hEorpa agus na comhaltaí go léir den Chomhairle ar an eolas go hiomlán faoi chomhar feabhsaithe a chur chun feidhme i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.

Airteagal 27e

Aon Bhallstát ar mian leis bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 27c, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim don Chomhairle laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra sin a fháil. Laistigh de cheithre mhí ó dháta an fhógra sin a fháil, glacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis an iarraidh agus maidir le cibé socruithe sonracha a mheasfaidh sí a bheith riachtanach. Measfar an cinneadh a bheith glactha mura gcinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe laistigh den tréimhse chéanna, é a choimeád ar stad; sa chás sin, tabharfaidh an Chomhairle na cúiseanna lena cinneadh agus socróidh sí spriocdháta chun é a athscrúdú.

Chun críche an Airteagail seo, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe. Saineofar an tromlach cáilithe mar an chionmhaireacht chéanna de na vótaí ualaithe agus an chionmhaireacht chéanna de na comhaltaí i dtrácht den Chomhairle faoi mar atá siad leagtha síos sa tríú fomhír d'Airteagal 23(2).”

7. In Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc den dara mír:

“— trí chomhar níos dlúithe idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile de chuid na mBallstát, lena n-áirítear comhar tríd an Aonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach (‘Eurojust’), i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 32;”

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31:

“Airteagal 31

1. Cuimseoidh comhghníomhaíocht maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla:

(a) comhar idir aireachtaí inniúla agus údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha na mBallstát, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, comhar trí Eurojust, a éascú agus a luathú i ndáil le himeachtaí agus forghníomhú breitheanna;

(b) eiseachadadh idir na Ballstáit a éascú;

- (c) comhchuibheas a áirithiú idir na rialacha is infheidhme sna Ballstáit, a mhéad is gá chun an comhar sin a fheabhsú;
- (d) easaontais dlínse idir na Ballstáit a chosc;
- (e) bearta a ghlacadh go comhleanúnach a bhunóidh rialacha íosta i ndáil leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus le pionóis i réimsí na coirpeachta eagraithe, na sceimhlitheoireachta agus gáinneála aindleathaí drugaí.

2. Cuirfidh an Chomhairle comhar trí Eurojust ar aghaidh:

- (a) trí Eurojust a chumasú chun dea-chomhordú a éascú idir údaráis náisiúnta ionchúisimh na mBallstát;
- (b) trí thacaíocht ó Eurojust a chur ar aghaidh sna himscrúduithe a bhaineann le cásanna de choirpeacht thromchúiseach trasteorann, ach go háirithe i gcás coirpeachta eagraithe, agus anailísí arna ndéanamh ag Europol á gcur san áireamh;
- (c) trí dhlúthchomhar idir Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach a chur ar aghaidh d'fhonn go háirithe forghníomhú litreacha rogáide agus cur chun feidhme iarratas ar eiseachadh a éascú.”

9. Cuirtear na hAirteagail seo a leanas 40, 40a agus 40b in ionad Airteagal 40:

“Airteagal 40

- 1. Is é is aidhm don chomhar feabhsaithe i gceann de na réimsí dá dtagraítear sa Teideal seo a chumasú don Aontas forbairt níos gasta a dhéanamh chun bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus cumhachtaí an Chomhphobail Eorpaigh, mar aon leis na cuspóirí atá leagtha síos sa Teideal seo, á n-urramú.
- 2. Beidh feidhm ag Airteagail 29 go 39 agus Airteagail 40a go 41 maidir leis an gcomhar feabhsaithe dá bhforáiltear san Airteagal seo, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 40a agus in Airteagail 43 go 45.
- 3. Beidh feidhm maidir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 40a agus 40b ag na forálacha sin den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a bhaineann le cumhachtaí na Cúirte Breithiúnais agus le feidhmiú na gcumhachtaí sin.

Airteagal 40a

- 1. Féadfaidh Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu an comhar feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 40a bhunú eatarthu iarraidh a dhíriú chuig an gCoimisiún a fhéadfaidh togra chuige sin a thíolacadh don Chomhairle. Mura ndéanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh, cuirfidh sé na Ballstáit i dtrácht ar an eolas faoi na cúiseanna nár thíolaic sé togra. Féadfaidh na Ballstáit sin tionscnamh a thíolacadh don Chomhairle chun an comhar feabhsaithe i gceist a údarú.
- 2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún nó ar thionscnamh ó ocht mBallstát ar a laghad agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 a dheonú, agus Airteagail 43 go 45 á gcomhlíonadh. Déanfar vótaí chomhaltaí na Comhairle a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Ar an ábhar sin a bheith ardaithe, féadfaidh an Chomhairle gníomhú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo.

Airteagal 40b

Aon Bhallstát ar mian leis bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 40a, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún agus tabharfaidh an Coimisiún tuairim don Chomhairle laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra sin a fháil; féadfaidh moladh a bheith in éineacht leis an tuairim sin maidir le cibé socrúithe sonracha a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun go dtiocfaidh an Ballstát sin chun bheith ina pháirtí sa chomhar sin. Laistigh de cheithre mhí ó dháta an fhógra sin a fháil, glacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis an iarraidh agus maidir le cibé socrúithe sonracha a mheasfaidh sí a bheith riachtanach. Measfar an cinneadh a bheith glactha mura gcinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe laistigh den tréimhse chéanna, é a choimeád ar stad; sa chás sin, tabharfaidh an Chomhairle na cúiseanna lena cinneadh agus socróidh sí spriocdháta chun é a athscrúdú.

Chun críche an Airteagail seo, gníomhóidh an Chomhairle faoi na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 44(1).”

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil de Theideal VII: “Forálacha maidir le comhar feabhsaithe”.
11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 43:

“Airteagal 43

Na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu comhar feabhsaithe a bhunú eatarthu féin, féadfaidh siad leas a bhaint as na hinstitiúidí, na nósanna imeachta agus na sásraí atá leagtha síos sa Chonradh seo agus sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh ar choinníoll:

- (a) gurb é is aidhm don chomhar arna bheartú dlús a chur le cuspóirí an Aontais agus an Chomhphobail, a leasanna a chosaint agus fónamh dóibh agus próiseas a lánpháirtíochta a dhlúthú;
- (b) go n-urramaíonn an comhar sin na Conarthaí sin agus creat institiúideach aonair an Aontais;
- (c) go n-urramaíonn an comhar sin an ‘acquis communautaire’ agus na bearta arna nglacadh faoi fhorálacha eile na gConarthaí sin;
- (d) go bhfanann an comhar sin laistigh de theorainneacha chumhachtaí an Aontais agus an Chomhphobail agus nach mbaineann sé leis na réimsí a thig faoi inniúlacht eisiach an Chomhphobail;
- (e) nach ndéanann an comhar sin dochar don mhargadh inmheánach mar atá sé sainithe in Airteagal 14(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh nó don chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta atá bunaithe i gcomhréir le Teideal XVII den Chonradh sin;
- (f) nach éard an comhar sin bacainn nó idirdhealú trádála idir na Ballstáit agus nach saobhann sé iomaíocht eatarthu;
- (g) go mbaineann an comhar sin le hocht mBallstát ar a laghad;
- (h) go n-urramaíonn an comhar sin inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na mBallstát sin nach bhfuil rannpháirteach ann;

- (i) nach ndéanann an comhar sin difear d'fhorálacha an Phrótacail ag lánpháirtiú acquis Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh;
- (j) go bhfuil an comhar sin ar oscailt do na Ballstáit go léir, i gcomhréir le hAirteagal 43b.”

12. Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 43a

Ní fhéadfar dul i mbun an chomhair fheabhsaithe ach amháin mar rogha dheireanach má tá sé suite laistigh den Chomhairle nach bhféadfar na cuspóirí a bhaineann leis a bhaint amach laistigh de thréimhse réasúnta trí fhorálacha ábhartha na gConarthaí a chur i bhfeidhm.

Airteagal 43b

Nuair a bheidh an comhar feabhsaithe á chur ar bun, beidh sé ar oscailt do na Ballstáit uile. Beidh sé ar oscailt dóibh freisin tráth ar bith i gcomhréir le hAirteagail 27e agus 40b den Chonradh seo agus le hAirteagal 11 den Chonradh ag bunú an Chomhphobal Eorpaigh, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an bunchinneadh agus na cinntí arna nglacadh sa chreat sin. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe go gcothaítear a oiread Ballstát agus is féidir bheith rannpháirteach.”

13. Cuirtear na hAirteagail seo a leanas 44 agus 44a in ionad Airteagal 44:

“Airteagal 44

1. D'fhonn na gníomhartha agus na cinntí a ghlacadh is gá chun an comhar dá dtagraítear in Airteagal 43 a chur chun feidhme, beidh feidhm ag forálacha institiúideacha ábhartha an Chonartha seo agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Ar a shon sin, cé go bhféadfaidh comhaltaí uile na Comhairle páirt a ghlacadh sna pléití, is iad ionadaithe na mBallstát amháin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a ghlacfaidh páirt i nglacadh na gcinntí. Saineofar tromlach cáilithe mar an chionmhaireacht chéanna de vótaí ualaithe na gcomhaltaí i dtrácht den Chomhairle atá leagtha síos in Airteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus sa dara fómhír agus sa tríú fómhír d'Airteagal 23(2) den Chonradh seo a mhéad a bhaineann le comhar feabhsaithe arna bhunú ar bhonn Airteagal 27c. Is éard is aontoilíocht ann vótaí na gcomhaltaí i dtrácht den Chomhairle agus iad sin amháin.

Ní cuid de acquis an Aontais gníomhartha agus cinntí den sórt sin.

2. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm, a mhéad a bhaineann leo, na gníomhartha agus na cinntí arna nglacadh chun an comhar feabhsaithe ina bhfuil siad rannpháirteach a chur chun feidhme. Ní bheidh gníomhartha agus cinntí den sórt sin ina gceangal ach ar na Ballstáit is páirtithe i gcomhar den sórt sin agus, mar is iomchuí, ní bheidh siad infheidhme go díreach ach amháin sna Stáit sin. Na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe sin, ní chuirfidh siad bac ar a chur chun feidhme ag na Ballstáit rannpháirteacha.

Airteagal 44a

Is iad na Ballstáit rannpháirteacha a iompróidh an caiteachas a thig ón gcomhar feabhsaithe a chur chun feidhme, seachas costais riarthacha a thabhoíd na hinstiúidí, mura gcinneadh comhaltaí uile na Comhairle a mhalairt, ag gníomhú dóibh d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.”

14. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:

“Airteagal 45

Áiritheoidh an Chomhairle agus an Coimisiún comhchuibheas na ngníomhaíochtaí arna nglacadh ar láimh ar bhonn an Teidil seo agus comhchuibheas na ngníomhaíochtaí sin le beartais an Aontais agus an Chomhphobail agus comhoibreoidh siad le chéile chuige sin.”

15. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46:

“Airteagal 46

Forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a bhaineann le cumhachtaí Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus le feidhmiú na gcumhachtaí sin, ní bheidh feidhm acu ach maidir leis na forálacha seo a leanas den Chonradh seo:

- (a) forálacha a leasaíonn an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa d'fhonn an Comhphobal Eorpach a bhunú, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;
- (b) forálacha Theideal VI, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 35;
- (c) forálacha Theideal VII, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagail 11 agus 11a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus in Airteagal 40 den Chonradh seo;
- (d) Airteagal 6(2) maidir le gníomhaíocht na n-institiúidí, a mhéad atá dlínse ag an gCúirt faoi na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus faoin gConradh seo;
- (e) na réamhchoinníollacha nach mbaineann ach le nós imeachta in Airteagal 7, agus an Chúirt ag gníomhú, arna iarraidh sin don Bhallstát i dtrácht, laistigh de mhí amhail ó dháta na Comhairle an staid do shuíomh mar a fhoráiltear san Airteagal sin.
- (f) Airteagail 46 go 53”.

Airteagal 2

Déanfar an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a leasú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1. Cuirtear na hAirteagail seo a leanas 11 agus 11a in ionad Airteagal 11:

“Airteagal 11

1. Déanfaidh Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu comhar feabhsaithe a bhunú eatarthu féin i gceann de na réimsí dá dtagraítear sa Chonradh seo iarraidh a dhíriú chuig an gCoimisiún a fhéadfaidh togra chuige sin a thíolacadh don Chomhairle. Mura ndéanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh, cuirfidh sé na Ballstáit i dtrácht ar an eolas faoi na cúiseanna nár thíolaic sé togra.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an t-údarú chun an comhar feabhsaithe a bhunú dá dtagraítear i mír 1 a dheonú, agus Airteagal 43 go 45 den Chonradh ar an Aontas Eorpach á gcomhlíonadh. Nuair a bhaineann comhar feabhsaithe le réimse atá folaithe ag an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh seo, beidh gá le haontú Pharlaimint na hEorpa.

Féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Ar an ábhar sin a bheith ardaithe, féadfaidh an Chomhairle gníomhú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo.

3. Beidh na gníomhartha agus na cinntí is gá chun gníomhaíochtaí comhair fheabhsaithe a chur chun feidhme faoi réir fhorálacha ábhartha uile an Chonartha seo, mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo agus in Airteagail 43 go 45 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Airteagal 11a

Aon Bhallstát ar mian leis bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 11, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún agus tabharfaidh an Coimisiún tuairim don Chomhairle laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra sin a fháil. Laistigh de cheithre mhí ó dháta an fhógra a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis agus maidir le cibé socruithe sonracha a mheasfaidh sé a bheith riachtanach.”

2. In Airteagal 13, déantar mír 1 den téacs atá ann agus cuirtear mír 2 mar a leanas leis:

“2. De mhaolú ar mhír 1, nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta dreasachta Comhphobail, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát, chun tacú le gníomhaíocht arna déanamh ag na Ballstáit chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1, gníomhóidh sí i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251.”

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

“Airteagal 18

1. Beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus sna forálacha arna nglacadh lena chur chun feidhme.

2. Más cosúil gur gá gníomh ón gComhphobal chun an cuspóir sin a bhaint amach agus nach bhfuil na cumhachtaí is gá tugtha sa Chonradh seo, féadfaidh an Chomhairle forálacha a ghlacadh d'fhonn feidhmiú na gceart dá dtagraítear i mír 1 a éascú. Gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251.

3. Níl feidhm ag mír 2 maidir le pasanna, cártaí aitheantais, ceadanna cónaithe nó le haon doiciméad dá samhail, nó le forálacha a bhaineann le slándáil shóisialta nó cosaint shóisialta.”

4. Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 67:

“5. De mhaolú ar mhír 1, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251:

— na bearta dá bhforáiltear i bpointe (1) agus i bpointe (2)(a) d'Airteagal 63 ar chuntar go mbeidh an Chomhairle tar éis reachtaíocht Chomhphobail ag sainiú na gcomhriallacha agus na mbunphrionsabal a rialaíonn na ceisteanna sin a ghlacadh roimh ré i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo;

— na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 65, amach ó ghnéithe a bhaineann leis an dlí teaghlaigh.”

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 100:

“Airteagal 100

1. Gan dochar d'aon nósanna imeachta eile dá bhforáiltear sa Chonradh seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is iomchuí don chor eacnamaíoch a chinneadh, go háirithe má tharlaíonn géardheacrachtaí maidir le soláthar táirgí áirithe.

2. I gcás Ballstát a bheith i ndeacrachtaí nó géardheacrachtaí a bheith ag dianbhagairt air de bhun tubaistí nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú faoi choinníollacha áirithe don Bhallstát i dtrácht. Cuirfidh Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gcinneadh a glacadh.”

6. In Airteagal 111, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Faoi réir mhír 1, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, seasamh an Chomhphobail ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht speisialta ag roinnt leo i leith an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus ionadaíocht an Chomhphobail a chinneadh, agus í ag urramú chionroinnt na gcumhachtaí atá leagtha síos in Airteagail 99 agus 105.”

7. In Airteagal 123, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ar dháta tosaithe an tríú céim, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil na mBallstát gan mhaolú, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na rátaí comhshó ar a mbeidh a gcuid airgeadraí socraithe go neamh-inchúlghairthe agus an ráta socraithe go neamh-inchúlghairthe ar a gcuirfean an tECU in ionad na n-airgeadraí sin, agus tiocfaidh an tECU chun bheith ina airgeadra dílis ó cheart. Ní dhéanfaidh an beart sin ann féin modhnú ar luach eachtrach an ECU. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe na mBallstát sin ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na bearta eile is gá chun an tECU a thabhairt isteach go sciobtha mar airgeadra aonair na mBallstát sin. Beidh feidhm ag an dara habairt d'Airteagal 122(5).”

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 133:

“Airteagal 133

1. Fothófar an comhbheartas tráchtála ar phrionsabail chomhionanna, go háirithe maidir le hathruithe ar rátaí taraifí, le comhaontuithe um tharaifí agus trádáil a thabhairt i gcrích, le comhionannas a ghnóthú i mbearta léirscaoilte, le beartas onnmhairiúcháin agus le bearta chun trádáil a chosaint amhail bearta a ghlacfar i gcás dumpála nó fóirdheontas.

2. Cuirfidh an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme.

3. Nuair is gá comhaontuithe le Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó a chaibidil, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle, agus údaróidh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht is gá. Beidh an Chomhairle agus an Coimisiún freagrach as a áirithiú go bhfuil na comhaontuithe arna gcaibidil ag luí le beartais inmheánacha agus rialacha inmheánacha an Chomhphobail.

Seolfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht sin i gcomhairle le coiste speisialta arna cheapadh ag an gComhairle chun bheith de chúnadh ag an gCoimisiún sa chúram sin, agus faoi chuimsiú na dtreoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a dhíriú chuige. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil don choiste speisialta go tráthrialta faoi dhul chun cinn na caibidlíochta.

Beidh na forálacha ábhartha d'Airteagal 300 infheidhme.

4. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di san Airteagal seo, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

5. Beidh feidhm ag míreanna 1 go 4 freisin maidir le comhaontuithe a bhaineann le réimsí na trádála i seirbhísí agus gnéithe tráchtála den mhaoin intleachtúil a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, a mhéad nach bhfuil na comhaontuithe sin folaithe sna míreanna sin agus gan dochar do mhír 6.

De mhaolú ar mhír 4, gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil agus comhaontú i gceann de na réimsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chaibidil agus á thabhairt i gcrích aici nuair atá sa chomhaontú sin forálacha ar gá aontoilíocht a bheith leo chun rialacha inmheánacha a ghlacadh nó nuair a bhaineann sé le réimse nach bhfuil an Comhphobal tar éis na cumhachtaí a thugtar dó sa Chonradh seo a fheidhmiú fós ann trí rialacha inmheánacha a ghlacadh.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil i dtaca le comhaontú cothrománach a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a mhéad a bhaineann sé freisin le hábhair dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó sa dara fhomhír de mhír 6.

Ní dhéanfaidh an mhír seo difear do cheart na mBallstát comhaontuithe a choimeád ar bun agus a thabhairt i gcrích le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta sa mhéid go gcomhlíonann comhaontuithe den sórt sin dlí an Chomhphobail agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile.

6. Ní fhéadfaidh an Chomhairle comhaontú a thabhairt i gcrích má tá ann forálacha a rachadh thar chumhachtaí inmheánacha an Chomhphobail, go háirithe forálacha as a dtig comhchuibhiú ar dhlíthe nó rialacháin na mBallstát i réimse ina n-eisiatar comhchuibhiú den sórt sin leis an gConradh seo.

I ndáil leis sin, de mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 5, tiocfaidh comhaontuithe a bhaineann le trádáil i seirbhísí cultúrtha agus closamhairc, i seirbhísí oideachais agus i seirbhísí sóisialta agus sláinte daonna laistigh den inniúlacht arna roinnt idir an Comhphobal agus a chuid Ballstát. Uime sin, fara cinneadh Comhphobail arna ghlacadh i gcomhréir le forálacha ábhartha Airteagal 300, is gá comhaontú na mBallstát de thoil a chéile a bheith le comhaontuithe den sórt sin a chaibidil. Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit comhaontuithe arna gcaibidil amhlaidh a thabhairt i gcrích go comhpháirteach.

Leanfaidh caibidlíocht agus tabhairt i gcrích comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse an iompair de bheith faoi rialú ag forálacha Theideal V agus Airteagal 300.

7. Gan dochar don chéad fhomhír de mhír 6, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 4 a chur i mbaint le caibidlíocht agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le maoin intleachtúil a mhéad nach bhfuil siad folaithe ag mír 5."

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 137:

“Airteagal 137

1. D'fhonn cuspóirí Airteagal 136 a ghnóthú, tacóidh an Comhphobal le gníomhaíochtaí na mBallstát agus comhlánóidh sé iad sna réimsí seo a leanas:

- (a) an timpeallacht oibre go háirithe a fheabhsú d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibríthe a chosaint;
- (b) dálaí oibre;
- (c) slándáil shóisialta agus cosaint shóisialta oibríthe;
- (d) cosaint oibríthe i gcás fhoirceannadh a gconartha oibre;
- (e) oibríthe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo;
- (f) ionadú agus comhchosaint leasanna oibríthe agus fostóirí, lena n-áirítear comhchinneadh, faoi réir mhír 5;
- (g) dálaí fostaíochta náisiúnach tríú tíortha ina gcónaí go dlíthiúil ar chríoch an Chomhphobail;
- (h) lánpháirtiú daoine atá arna n-eisiamh ó mhargadh an tsaothair, gan dochar d'Airteagal 150;
- (i) comhionannas idir fir agus mná ar mhargadh an tsaothair agus cóir chomhionann san obair;
- (j) an t-eisiamh sóisialta a chomhrac;
- (k) córais chosanta sóisialta a nuachóiriú, gan dochar do phointe (c).

2. Chun na críche sin, féadfaidh an Chomhairle:

- (a) bearta a ghlacadh atá ceaptha chun comhar idir na Ballstáit a chothú trí thionscnaimh arb é is aidhm dóibh eolas a fheabhsú, malairtí faisnéise agus dea-chleachtais a fhorbairt, cur chuige nuálaíoch a chur ar aghaidh agus an taithí a mheas, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát;
- (b) trí bhíthin treoracha, ceanglais íosta a chuirfear chun feidhme de réir a chéile a ghlacadh sna réimsí dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) de mhír 1, ag féachaint do na dálaí agus do na rialacha teicniúla i ngach ceann de na Ballstáit. Staonfar sna treoracha sin ó shrianta riarthacha, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur a bheadh ina mbac ar bhunú nó ar fhorbairt gnóthas beag agus meánmhéide.

Gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, ach amháin sna réimsí dá dtagraítear i bpointí (c), (d) agus (g) de mhír 1 den Airteagal seo ina ngníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Coistí sin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a chinneadh an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 a dhéanamh infheidhme maidir le pointí (d), (f) agus (g) de mhír 1 den Airteagal seo.

3. Féadfaidh Ballstát cur chun feidhme na dtreoracha arna nglacadh de bhun mhír 2 a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, arna iarraidh sin go comhpháirteach dóibh.

Sa chás sin, áiritheoidh sé go bhfuil, ar dháta nach déanaí ná an dáta nach mór treoir a thrasú i gcomhréir le hAirteagal 249, na bearta is gá tugtha isteach trí chomhaontú ag na comhpháirtithe sóisialta, agus an Ballstát i dtrácht faoi cheangal gach beart is gá a ghlacadh chun a chumasú dó tráth ar bith a bheith in inmhe na torthaí arna bhforchur leis an treoir sin a áirithiú.

4. Forálacha arna nglacadh de bhun an Airteagail seo:

— ní dhéanfaidh siad difear do cheart na mBallstát prionsabail bhunúsacha a gcóras slándála sóisialta a shainiú agus caithfidh siad gan mórdhifear a dhéanamh do chothromaíocht airgeadais na gcóras sin;

— ní choiscfidh siad ar Bhallstát bearta cosanta níos déine atá ag luí leis an gConradh seo a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach.

5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le pá, leis an gceart comhlachais, leis an gceart dul ar stailc ná leis an gceart frithdhúnadh a fhorchur.”

10. In Airteagal 139(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír

“Gníomhóidh an Chomhairle trí thiomlath cáilithe ach amháin nuair atá foráil amháin nó níos mó sa chomhaontú i dtrácht a bhaineann le ceann de na réimsí inar gá aontoilíocht de bhun Airteagal 137(2). Sa chás sin gníomhóidh sí d'aon toil.”

11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 144:

“*Airteagal 144*

Bunóidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, Coiste um Chosaint Shóisialta le stádas comhairleach chun comhordú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún maidir le cosaint shóisialta a chur ar aghaidh. Is iad cúraimí an Choiste:

— faireachán a dhéanamh ar an staid shóisialta agus ar forbairt beartas cosanta sóisialta sna Ballstáit agus sa Chomhphobal;

— malairtí faisnéise, taithí agus dea-chleachtais a chur ar aghaidh idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún;

— gan dochar d'Airteagal 207, tuarascálacha a ullmhú nó tuairimí a fhoirmiú nó gníomhaíochtaí eile a dhéanamh laistigh de réimsí a inniúlachta, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin.

Agus a shainordú á chomhall aige, bunóidh an Coiste tadhaill iomchuí leis na comhpháirtithe sóisialta.

Ceapfaidh gach Ballstát dhá chomhalta den Choiste agus ceapfaidh an Coimisiún dhá chomhalta den Choiste.”

12. In Airteagal 157, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Rannchuideoidh an Comhphobal le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin na mbeartas agus na gníomhaíochtaí a shaothraíonn sé faoi fhorálacha eile den Chonradh seo. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, bearta sonracha a chinneadh chun tacú le gníomhaíochtaí de chuid na mBallstát d'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú.

Ní féidir leis an gComhphobal leas a bhaint as an Teideal seo chun aon bheart a thabhairt isteach ar dóigh dó an iomaíocht a shaobhadh nó ina bhfuil forálacha cánachais nó forálacha a bhaineann le cearta agus leasanna daoine fostaithe.”

13. In Airteagal 159, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Más léir gur gá gníomhaíochtaí sonracha lasmuigh de na cistí agus gan dochar do na bearta arna gcinneadh faoi chuimsiú bheartais eile an Chomhphobail, féadfaidh an Chomhairle na gníomhaíochtaí sin a ghlacadh, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.”

14. Cuirtear an tríú mír seo a leanas le hAirteagal 161:

“Amhail ón 1 Eanáir 2007, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún tar éis aontú Pharlaimint na hEorpa a fháil agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, más amhlaidh, faoi cheann an 1 Eanáir 2007, gur glacadh an pheirspictíocht ilbhliantúil is infheidhme amhail ón dáta sin agus an comhaontú idirinstiúideach lena mbaineann. Ina mhálairt de chás, beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa mhír seo amhail ó dháta a nglactha.”

15. In Airteagal 175, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. De mhaolú ar an nós imeachta cinnteoireachta dá bhforáiltear i mír 1 agus gan dochar d'Airteagal 95, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún:

(a) forálacha atá de chineál fioscach go príomha;

(b) bearta a dhéanann difear:

— do bhearta maidir le planáil bhaile agus tuaithe;

— do bhainisteoireacht chainníochtúil ar acmhainní uisce nó a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach do na hacmhainní sin a bheith ar fáil;

— d'úsáid talún seachas bainisteoireacht dramhaíola;

(c) bearta a dhéanann difear suntasach do rogha Bhallstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

Féadfaidh an Chomhairle, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa chéad fhomhír, na hábhair sin a shainiú dá dtagraítear sa mhír seo ar a nglacfar cinntí trí thromlach cáilithe.”

16. Cuirtear an Teideal seo a leanas isteach i gCuid a Trí:

“Teideal XXI

COMHAR EACNAMAÍOCH, AIRGEADAIS AGUS TEICNIÚIL LE TRÍÚ TÍORTHA

Airteagal 181a

1. Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo agus go háirithe d'fhorálacha Theideal XX, seolfaidh an Chomhphobal, laistigh dá réimsí inniúlachta, bearta comhair eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil le tríú tíortha Forlíonfaidh na bearta sin bearta arna seoladh ag na Ballstáit agus beidh siad go luí le beartas forbartha an Chomhphobail.

Rannchuideoidh beartas an Chomhphobail sa réimse seo leis an gcuspóir ginearálta an daonlathas agus an smacht reachta a fhorbairt agus a chomhdhlúthú mar aon leis an gcuspóir cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na bearta a ghlacadh is gá chun mír 1 a chur chun feidhme. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil maidir leis na comhaontuithe comhlachais dá dtagraítear in Airteagal 310 agus leis na comhaontuithe atá le tabhairt i gcrích leis na Stáit is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas.

3. Faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, rachaidh an Chomhphobal agus na Ballstáit i gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla. Féadfaidh na rialacha mionsonraithe um chomhar Comhphobail a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an Chomhphobal agus na tríú páirtithe i dtrácht a dhéanfar a chaibidil agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 300.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidlíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.”

17. In Airteagal 189, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Ní rachaidh líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa thar 732.”

18. In Airteagal 190, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, tar éis tuairim ón gCoimisiún a iarraidh agus formheas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe a fháil, na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta a leagan síos a rialaíonn comhlíonadh a gcuid dualgas ag a comhaltaí. Is gá aontoilíocht laistigh den Chomhairle a bheith le gach riail nó coinníoll a bhaineann le cáin a ghearradh ar chomhaltaí nó iarchomhaltaí.”

19. Cuirtear an dara mír seo a leanas le hAirteagal 191:

“Leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251, reacht na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach agus go háirithe na rialacha maidir lena maoiniú.”

20. In Airteagal 207, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Cabhróidh Ardrúnaíocht a bheidh faoi stiúradh Ardrúnaí, Ardionadaí don chomhbheartas eachtrach agus slándála, leis an gComhairle agus cuideoidh Leas-Ardrúnaí leis a bheidh freagrach as an Ardrúnaíocht a reáchtáil. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tArdrúnaí agus an Leas-Ardrúnaí a cheapadh.

Cinnfidh an Chomhairle eagrúchán na hArdrúnaíochta.”

21. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 210:

“Airteagal 210

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe, tuarastail, slánaíochtaí agus pinsin Uachtarán agus chomhaltaí an Choimisiúin agus Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais agus chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Céadchéime. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thiomlath cáilithe freisin, aon slánaíocht is intugtha in ionad luach saothair.”

22. In Airteagal 214, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ainmneoidh an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais agus ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe, an duine a bheartaíonn siad a cheapadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún; déanfaidh Parlaimint na hEorpa an t-ainmniúchán a fhorghníomhú.”

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe agus de chomhthoil leis an ainmni-theach do phost an Uachtaráin, liosta na ndaoine eile a bheartaíonn siad a cheapadh ina gcomhaltaí den Choimisiún, arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát.

Déanfar Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin arna n-ainmniú amhlaidh a chur mar choláiste faoi réir vóta formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh an Chomhairle ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe, Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin tar éis fhorghníomhú Pharlaimint na hEorpa.”

23. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 215:

“Airteagal 215

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig nó scor go héigeantach nó de bharr báis a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta le comhalta nua arna cheapadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a líonadh.

I gcás an tUachtarán d'éirí as oifig, do scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 214(2) is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 216, fanfaidh comhaltaí an Choimisiúin i seilbh oifige go dtí go ngabfar a n-ionad nó go gcinneadh an Chomhairle nach gá an folúntas a líonadh i gcomhréir leis an dara mír den Airteagal seo.”

24. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 217:

“Airteagal 217

1. Oibreoidh an Coimisiún faoi threoir pholaitiúil a Uachtaráin agus cinnfidh an tUachtarán a eagrúchán inmheánach d'fhonn comhchuibheas, éifeachtacht agus coláisteacht a ghníomhaíocht a áirithiú.

2. Déanfaidh an tUachtarán na freagrachtaí is dlite don Choimisiún a struchtúru agus a dháileadh idir a chomhaltaí. Féadfaidh an tUachtarán na freagrachtaí sin a athdháileadh i rith théarma oifige an Choimisiúin. Feidhmeoidh comhaltaí an Choimisiúin na feidhmeanna a thugann an tUachtarán dóibh faoina údarás siúd.

3. Tar éis formheas an Choimisiúin mar choláiste a fháil, féadfaidh an tUachtarán Leasuachtaráin a cheapadh as líon a chomhaltaí.

4. Tar éis formheas an Choimisiúin mar choláiste a fháil, féadfaidh an tUachtarán a iarraidh ar dhuine dá chomhaltaí scor dá oifig.”

25. In Airteagal 219, scriostar an chéad mhír.

26. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 220:

“*Airteagal 220*

Áiritheoidh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Chéadchéime, faoi chuimsiú a ndlínsí faoi seach, go gcomhlíonfar an dlí i léiriú an Chonartha seo agus ina chur chun feidhme.

Ina theannta sin, féadfar painéil bhreithiúnacha a chur ag gabháil leis an gCúirt Chéadchéime faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 225a chun an inniúlacht bhreithiúnach dá bhforáiltear sa Chonradh seo a fheidhmiú i réimsí sonracha áirithe.”

27. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 221:

“*Airteagal 221*

Breitheamh amháin in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i ndlí-sheomraí nó i Mór-Dhlísheomra i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú chuige sin i Reacht na Cúirte Breithiúnais.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais suí mar chúirt iomlán freisin nuair a fhoráiltear dó sin sa Reacht.”

28. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 222:

“*Airteagal 222*

Beidh ochtar Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais. Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht na Cúirte Breithiúnais.”

29. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 223:

“*Airteagal 223*

Roghnófar Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais ó dhaoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana.

Athrófar cuid de na Breithiúna agus de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana faoi na coinníollacha atá leagtha amach i Reacht na Cúirte Breithiúnais.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Breithiúnais as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.”

30. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 224:

“*Airteagal 224*

Breitheamh amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime. Socrófar líon na mBreithiúna i Reacht na Cúirte Breithiúnais. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Chéadchéime.

Roghnófar comhaltaí na Cúirte Céadchéime as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Féadfar comhaltaí a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Céadchéime as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Ceapfaidh an Chúirt Chéadchéime a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Chéadchéime a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt i Reacht na Cúirte Breithiúnais, beidh feidhm maidir leis an gCúirt Chéadchéime ag forálacha an Chonartha seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais.”

31. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 225:

“*Airteagal 225*

1. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime caingne nó imeachtaí dá dtagraítear in Airteagail 230, 232, 235, 236 agus 238, cé is moite díobh siúd a shanntar do phainéal breithiúnach agus díobh siúd a fhorchoimeádtar sa Reacht chuig an gCúirt Bhreithiúnais, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime maidir le haicmí eile caingne nó imeachtaí.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime de bhun na míre seo faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna dlí amháin, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht.

2. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime caingne nó imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne breitheanna ó na painéil bhreithiúnacha arna gcur ar bun de bhun Airteagal 225a a éisteacht agus a chinneadh.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime de bhun na míre seo a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, nuair atá baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail.

3. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 234 a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha atá leagtha síos sa Reacht.

Má mheasann an Chúirt Chéadchéime go n-éilíonn an cás breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail, féadfaidh sí an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun go dtabharfaidh sí breith.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime ar cheisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail."

32. Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"Airteagal 225a

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na Eorpa agus leis an gCoimisiún, painéil bhreithiúnacha a chruthú chun aicmí áirithe caingne nó imeachtaí i réimsí sonracha a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim.

Socrófar sa chinneadh ag cur painéal breithiúnach ar bun na rialacha maidir le comhdhéanamh an phainéil sin agus sonrófar ann raon na dlínse a thugtar dó.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag na painéil bhreithiúnacha faoi réir ceart achomhairc a bheith ann ar phoncanna dlí amháin nó, nuair a fhoráiltear amhlaidh sa chinneadh ag cur painéil ar bun, faoi réir ceart achomhairc freisin ar cheisteanna fíorais a bheith ann chun na Cúirte Céadchéime.

Roghnófar comhaltaí na bpainéal breithiúnach as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh an Chomhairle iad, ag gníomhú di d'aon toil.

Glacfaidh na painéil bhreithiúnacha a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thiomlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa chinneadh ag cur painéal breithiúnach ar bun, beidh feidhm maidir leis na painéil bhreithiúnacha ag na forálacha sin den Chonradh seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais agus ag forálacha Reacht na Cúirte Breithiúnais."

33. Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"Airteagal 229a

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, forálacha a ghlacadh chun dlínse a thabhairt, go feadh méid a chinnfidh sí, don Chúirt Bhreithiúnais i ndíospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm gníomhartha arna nglacadh ar bhonn an Chonartha seo a chruthaíonn cearta Comhphobail maoine tionsclaíche. Molfaidh an Chomhairle na forálacha sin do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach."

34. In Airteagal 230, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír agus an tríú mír:

"Chuirtear sin beidh dlínse aici i gcaingne arna dtionscnamh ag Ballstát, ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar shárú ceanglais fhíor-riachtanaigh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon riail dlí a bhaineann lena chur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhachtaí.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh ag an gCúirt Iniúchóirí agus ag BCE d'fhonn a sainchumais a choimirciú.”

35. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 245:

“*Airteagal 245*

Tá Reacht na Cúirte Breithiúnais leagtha síos i bPrótacal ar leith.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó arna iarraidh sin don Choimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Bhreithiúnais, forálacha an Reachta a leasú, cé is moite de Theideal I de.”

36. Leasaítear Airteagal 247 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Náisiúnach amháin ó gach Ballstát a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ceapfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí go ceann téarma sé bliana. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athnuachan.

Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.”

37. Leasaítear Airteagal 248 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta arna bhunú ag an gComhphobal a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo agus foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfar an ráiteas sin a fhorlíonadh le measúnú sonracha ar gach mór-réimse de ghníomhaíocht an Chomhphobail.”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4

“4. Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Chomhphobail í agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacha, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thíolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí. Ar a shon sin, féadfaidh sí seomraí inmheánacha a bhunú chun aicmí áirithe tuarascálacha nó tuairimí a ghlacadh faoi na coinníollacha atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngníomh.

Glacfaidh an Chúirt Iniúchóirí a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.”

38. In Airteagal 254(1) agus (2), cuirtear “*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*” in ionad “*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*”.

39. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 257

“*Airteagal 257*

Bunaítear leis seo Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta; stádas comhairleach a bheidh aige.

Is iad a bheidh ar an gCoiste ionadaithe ó na heilimintí éagsúla eacnamaíocha agus sóisialta den tsochaí shibhialta eagraithe, go háirithe ionadaithe do tháirgeoirí, d'fheirmeoirí, do charraeirí, d'oibrithé, do dhéileálaithe, d'aos ceirde, d'aos gairme, do thomhaltóirí agus ionadaithe do leas an phobail.”

40. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 258:

“*Airteagal 258*

Ní rachaidh líon chomhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta thar 350.

Is mar seo a leanas a bheidh líon chomhaltaí an Choiste:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Phortaingéil	12
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24

Ní bheidh comhaltaí an Choiste inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas gearrálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, slánaíochtaí chomhaltaí an Choiste.”

41. In Airteagal 259, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ar thograí ó na Ballstáit, déanfar comhaltaí an Choiste a cheapadh go ceann ceithre bliana. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige comhaltaí an Choiste a athnuachan.”

42. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 263:

“Airteagal 263

Bunaítear leis seo coiste, dá ngairtear ‘Coiste na Réigiún’ anseo feasta, a mbeidh stádas comhairleach aige, ar a mbeidh ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach i gcomhlacht réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

Ní rachaidh líon comhaltaí Choiste na Réigiún thar 350.

Is mar seo a leanas a bheidh líon comhaltaí an Choiste:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Phortaingéil	12
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24

Ar thograí ó na Ballstáit faoi seach déanfar comhaltaí an Choiste mar aon lena chomhlíon de mhalartaigh a cheapadh go ceann ceithre bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, liosta na gcomhaltaí agus na malartach arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Ar dhul in éag don sainordú dá dtagraítear sa chéad mhír ar dá bhun a rinneadh an togra ina dtaobh, tiocfaidh deireadh go huathoibríoch lena dtéarma oifige ar an gCoiste agus cuirfear comhaltaí ina n-ionad i gcomhréir leis an nós imeachta céanna ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige sin. Ní fhéadfaidh comhalta den Choiste bheith ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa san am céanna.

Ní bheidh comhaltaí an Choiste inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.”

43. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 266:

“Airteagal 266

Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Is iad na Ballstáit is comhaltaí den Bhanc Eorpach Infheistíochta.

Tá Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta leagtha síos i bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, arna iarraidh sin don Bhanc Eorpach Infheistíochta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó arna iarraidh sin don Choimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, Airteagail 4, 11, 12 agus 18(5) de Reacht an Bhainc a leasú.”

44. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 279:

“Airteagal 279

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil:

- (a) rialacháin airgeadais ina sonrú go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad a bhunú agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;
- (b) rialacha a chinneadh i dtaobh freagrachta rialtóirí airgeadais, oifigeach údaráis agus oifigeach cuntais, agus i dtaobh socruithe iomchuí le haghaidh cigireachta.

Amhail ón 1 Eanáir 2007, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil, na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaobh acmhainní dílse an Chomhphobail féin le cur ar fáil don Choimisiún agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur i bhfeidhm, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais.”

45. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 290:

“Airteagal 290

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na rialacha i dtaobh theangacha institiúidí an Chomhphobail a chinneadh, gan dochar do na forálacha atá i Reacht na Cúirte Breithiúnais.”

46. Leasaítear Airteagal 300 mar a leanas:

- (a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír:

“De mhaolú ar na rialacha atá leagtha síos i mír 3, beidh feidhm ag na nósanna imeachta céanna i gcás cinnidh chun cur i bhfeidhm comhaontaithe a fhionraí agus d'fhonn na seasaimh a bhunú a ghlacfar thar ceann an Chomhphobail i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlí leo, seachas cinntí a fhorlíonann nó a leasaíonn creat institiúideach an chomhaontaithe.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi aon chinneadh faoin mír seo a bhaineann le comhaontuithe a chur i bhfeidhm go sealadach nó a fhionraí nó faoi sheasamh an Chomhphobail a bhunú i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún nó Ballstát tuairim na Cúirte Breithiúnais a fháil i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil comhaontú atáthar ag brath a dhéanamh ag luí le forálacha an Chonartha seo. Más tuairim chodarsnach atá tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais, ní fhéadfaidh an comhaontú teacht i bhfeidhm ach amháin faoi na coiníollacha atá leagtha síos in Airteagal 48 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.”

47. Leasaítear Airteagal 309 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear “le hAirteagal 7(3)” in ionad “le hAirteagal 7(2)”;
- (b) i mír 2, cuirtear “le hAirteagal 7(2)” in ionad “le hAirteagal 7(1)”.

Airteagal 3

Déanfar an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a leasú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1. In Airteagal 107, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Ní rachaidh líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa thar 732.”

2. In Airteagal 108, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, tar éis tuairim ón gCoimisiún a iarraidh agus formheas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe a fháil, na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta a leagan síos a rialaíonn comhlíonadh a gcuid dualgas ag a comhaltaí. Is gá aontoilíocht laistigh den Chomhairle a bheith le gach riail nó coinníoll a bhaineann le cáin a ghearradh ar chomhaltaí nó iarchomhaltaí.”

3. In Airteagal 121, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Cabhróidh Ardrúnaíocht a bheidh faoi stiúradh Ardrúnaí, Ardionadaí don chomhbheartas eachtrach agus slándála, leis an gComhairle agus cuideoidh Leas-Ardrúnaí leis a bheidh freagrach as an Ardrúnaíocht a reáchtáil. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tArdrúnaí agus an Leas-Ardrúnaí a cheapadh.

Cinnfidh an Chomhairle eagrúchán na hArdrúnaíochta.”

4. In Airteagal 127, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ainmneoidh an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, an duine a bheartaíonn siad a cheapadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún; déanfaidh Parlaimint na hEorpa an t-ainmniúchán a fhormheas.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe agus de chomhthoil leis an ainmni-theach do phost an Uachtaráin, liosta na ndaoine eile a bheartaíonn siad a cheapadh ina gcomhaltaí den Choimisiún, arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát.

Déanfar Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin arna n-ainmniú amhlaidh a chur mar choláiste faoi réir vóta formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin tar éis fhormheas Pharlaimint na hEorpa.”

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 128:

“*Airteagal 128*

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig nó scor go héigeantach nó de bharr báis a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta le comhalta nua arna cheapadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a líonadh.

I gcás an tUachtarán d'éirí as oifig, do scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 214(2) is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 216, fanfaidh comhaltaí an Choimisiúin i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad nó go gcinnfidh an Chomhairle nach gá an folúntas a líonadh i gcomhréir leis an dara mír den Airteagal seo.”

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 130:

“Airteagal 130

1. Oibreoidh an Coimisiún faoi threoir pholaitiúil a Uachtaráin agus cinnfidh an tUachtarán a eagrúchán inmheánach d'fhonn comhchuibheas, éifeachtacht agus coláisteacht a ghníomhaíochta a áirithiú.
2. Déanfaidh an tUachtarán na freagrachtaí is dlite don Choimisiún a struchtúráil agus a dháileadh idir a chomhaltaí. Féadfaidh an tUachtarán na freagrachtaí sin a athdháileadh i rith théarma oifige an Choimisiúin. Feidhmeoidh comhaltaí an Choimisiúin na feidhmeanna a thugann an tUachtarán dóibh faoina údarás siúd.
3. Tar éis formheas an Choimisiúin mar choláiste a fháil, féadfaidh an tUachtarán Leasuachtaráin a cheapadh as líon a chomhaltaí.
4. Tar éis formheas an Choimisiúin mar choláiste a fháil, féadfaidh an tUachtarán a iarraidh ar dhuine dá chomhaltaí scor dá oifig.”

7. In Airteagal 132, scriostar an chéad mhír.

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 136:

“Airteagal 136

Áiritheoidh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Chéadchéime, faoi chuimsiú a ndlínsí faoi seach, go gcomhlíonfar an dlí i léiriú an Chonartha seo agus ina chur chun feidhme.

Ina theannta sin, féadfar painéil bhreithiúnacha a chur ag gabháil leis an gCúirt Chéadchéime faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 140b chun an inniúlacht bhreithiúnach dá bhforáiltear sa Chonradh seo a fheidhmiú i réimsí sonracha áirithe.”

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 137:

“Airteagal 137

Breitheamh amháin in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i ndlí-sheomraí nó i Mór-Dhlísheomra i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú chuige sin i Reacht na Cúirte Breithiúnais.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais suí mar chúirt iomlán freisin nuair a fhoráiltear dó sin sa Reacht.”

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 138:

“Airteagal 138

Beidh ochtar Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais. Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht na Cúirte Breithiúnais.”

11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 139:

“Airteagal 139

Roghnófar Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais ó dhaoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana.

Athrófar cuid de na Breithiúna agus de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana faoi na coinníollacha atá leagtha amach i Reacht na Cúirte Breithiúnais.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Breithiúnais as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.”

12. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 140:

“Airteagal 140

Breitheamh amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime. Socrófar líon na mBreithiúna i Reacht na Cúirte Breithiúnais. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Chéadchéime.

Roghnófar comhaltaí na Cúirte Céadchéime as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Féadfar comhaltaí a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Céadchéime as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Ceapfaidh an Chúirt Chéadchéime a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Chéadchéime a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt i Reacht na Cúirte Breithiúnais, beidh feidhm maidir leis an gCúirt Chéadchéime ag forálacha an Chonartha seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais.”

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 140a:

“Airteagal 140a

1. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime caingne nó imeachtaí dá dtagraítear in Airteagail 146, 148, 151, 152 agus 153, cé is moite díobh siúd a shanntar do phainéal breithiúnach agus díobh siúd a fhorchoimeádtar sa Reacht chuig an gCúirt Bhreithiúnais, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime maidir le haicmí eile caingne nó imeachtaí.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime de bhun na míre seo faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna dlí amháin, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht.

2. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime caingne nó imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne breitheanna ó na painéil bhreithiúnacha arna gcur ar bun de bhun Airteagal 140b a éisteacht agus a chinneadh.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime de bhun na míre seo a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, nuair atá baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail.

3. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 150 a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha atá leagtha síos sa Reacht.

Má mheasann an Chúirt Chéadchéime go n-éilíonn an cás breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail, féadfaidh sí an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun go dtabharfaidh sí breith.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime ar cheisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail.”

14. Cuirtear isteach an tAirteagal seo:

“Airteagal 140b

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na Eorpa agus leis an gCoimisiún, painéil bhreithiúnacha a chruthú chun aicmí áirithe caingne nó imeachtaí i réimsí sonracha a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim.

Socrófar sa chinneadh ag cur painéal breithiúnach ar bun na rialacha maidir le comhdhéanamh an phainéil sin agus sonrófar ann raon na dlínse a thugtar dó.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag na painéil bhreithiúnacha faoi réir ceart achomhairc a bheith ann ar phoncanna dlí amháin nó, nuair a fhoráiltear amhlaidh sa chinneadh ag cur painéil ar bun, faoi réir ceart achomhairc freisin ar cheisteanna fíorais a bheith ann chun na Cúirte Céadchéime.

Roghnófar comhaltaí na bpainéal breithiúnach as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh an Chomhairle iad ag gníomhú di d'aon toil.

Glacfaidh na painéil bhreithiúnacha a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa chinneadh ag cur painéal breithiúnach ar bun, beidh feidhm maidir leis na painéil bhreithiúnacha ag na forálacha sin den Chonradh seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais agus ag forálacha Reachta na Cúirte Breithiúnais.”

15. In Airteagal 146, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír agus an tríú mír:

“Chuige sin beidh dlínse aici i gcaingne arna dtionscnamh ag Ballstát, ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar shárú ceanglais fhíor-riachtanaigh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon riail dlí a bhaineann lena chur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhachtaí.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh ag an gCúirt Iniúchóirí d'fhonn a sainchumais a choimirciú.”

16. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 160:

“*Airteagal 160*

Tá Reachta na Cúirte Breithiúnais leagtha síos i bPrótacal ar leith.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó arna iarraidh sin don Choimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Bhreithiúnais, forálacha an Reachta a leasú, cé is moite de Theideal I de.”

17. Leasaítear Airteagal 160b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Náisiúnach amháin ó gach Ballstát a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ceapfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí go ceann téarma sé bliana. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athnuachan.

Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.”

18. Leasaítear Airteagal 160c mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta arna bhunú ag an gComhphobal a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo agus foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfar an ráiteas sin a fhorlíonadh le measúnú sonrath ar gach mór-réimse de ghníomhaíocht an Chomhphobail.”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Chomhphobail í agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacha, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thíolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí. Ar a shon sin, féadfaidh sí seomraí inmheánacha a bhunú chun aicmí áirithe tuarascálacha nó tuairimí a ghlacadh faoi na coinníollacha atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngníomh.

Glacfaidh an Chúirt Iniúchóirí a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.”

19. In Airteagal 163, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“Foilseofar rialacháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a shonrófar iontu nó, mura sonraítear dáta chuige, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.”

20. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 165:

“*Airteagal 165*

Bunaítear leis seo Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta; stádas comhairleach a bheidh aige.

Is iad a bheidh ar an gCoiste ionadaithe ó na heilimintí éagsúla eacnamaíocha agus sóisialta den tsochaí shibhialta eagraithe, go háirithe ionadaithe do tháirgeoirí, d'fheirmeoirí, do charraeirí, d'oibríthe, do dhéileálaithe, d'aos ceirde, d'aos gairme, do thomhaltóirí agus ionadaithe do leas an phobail.”

21. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 166:

“Airteagal 166

Ní rachaidh líon chomhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta thar 350.

Is mar seo a leanas a bheidh líon chomhaltaí an Choiste:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Phortaingéil	12
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24

Ní bheidh comhaltaí an Choiste inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, slánaíochtaí chomhaltaí an Choiste.”

22. In Airteagal 167, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ar thograí ó na Ballstáit, déanfar comhaltaí an Choiste a cheapadh go ceann ceithre bliana. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige chomhaltaí an Choiste a athnuachan.”

23. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 183:

“Airteagal 183

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil:

- rialacháin airgeadais ina sonrú go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad a bhunú agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;
- rialacha a chinneadh i dtaobh freagrachta rialtóirí airgeadais, oifigeach údaráis agus oifigeach cuntais, agus i dtaobh socruithe iomchuí le haghaidh cigireachta.

Amhail ón 1 Eanáir 2007, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil, na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaobh acmhainní dílse an Chomhphobail féin le cur ar fáil don Choimisiún agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur i bhfeidhm, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais.”

24. Leasaítear Airteagal 190 mar a leanas:

“Airteagal 190

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na rialacha i dtaobh theangacha institiúidí an Chomhphobail a chinneadh, gan dochar do na forálacha atá i Reacht na Cúirte Breithiúnais.”

25. Leasaítear Airteagal 204 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear “le hAirteagal 7(3)” in ionad “le hAirteagal F.1(2)”;

(b) i mír 2, cuirtear “le hAirteagal 6(1)” in ionad “le hAirteagal F.1” agus cuirtear “Airteagal 7(2)” in ionad “Airteagal F.1(1)”.

Airteagal 4

Déanfar an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a leasú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1. In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ainmneoidh an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, an duine a bheartaíonn siad a cheapadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún; déanfaidh Parlaimint na hEorpa an t-ainmniúchán a fhorghas.”

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe agus de chomhthoil leis an ainmni-theach do phost an Uachtaráin, liosta na ndaoine eile a bheartaíonn siad a cheapadh ina gcomhaltaí den Choimisiún, arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát.

Déanfar Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin arna n-ainmniú amhlaidh a chur mar choláiste faoi réir vóta formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thiomlath cáilithe, Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin tar éis fhorghas Pharlaimint na hEorpa.”

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

“Airteagal 11

1. Oibreoidh an Coimisiún faoi threoir pholaitiúil a Uachtaráin agus cinnefidh sé a eagrúchán inmheánach d'fhonn comhchuibheas, éifeachtacht agus coláisteacht a ghníomhaíochta a áirithiú.

2. Déanfaidh an tUachtarán na freagrachtaí is dlite don Choimisiún a struchtúru agus a dháileadh idir a chomhaltaí. Féadfaidh an tUachtarán na freagrachtaí sin a athdháileadh i rith théarma oifige an Choimisiúin. Feidhmeoidh comhaltaí an Choimisiúin na feidhmeanna a thugann an tUachtarán dóibh faoina údarás siúd.

3. Tar éis formheas an Choimisiúin mar choláiste a fháil, féadfaidh an tUachtarán Leasuachtaráin a cheapadh as líon a chomhaltaí.

4. Tar éis formheas an Choimisiúin mar choláiste a fháil, féadfaidh an tUachtarán a iarraidh ar dhuine dá chomhaltaí scor dá oifig.”

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

“Airteagal 12

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig nó scor go héigeantach nó de bharr báis a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta le comhalta nua arna cheapadh ag Rialtais na mBallstát de thoil a chéile. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a líonadh.

I gcás an tUachtarán d'éirí as oifig, a scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10(2) is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 12a, fanfaidh comhaltaí an Choimisiúin i seilbh oifige go dtí go ngabfar a n-ionad nó go gcinnfidh an Chomhairle nach gá folúntas a líonadh i gcomhréir leis an dara mír den Airteagal seo.”

4. In Airteagal 13, scriostar an chéad fhomhír.

5. In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Ní rachaidh líon comhaltaí Parlaimint na hEorpa thar 732.”

6. In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, tar éis tuairim ón gCoimisiún a iarraidh agus formheas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe a fháil, na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta a leagan síos a rialaíonn comhlíonadh a gcuid dualgas ag a comhaltaí. Is gá aontoilíocht laistigh den Chomhairle a bheith le gach riail nó coinníoll a bhaineann le cáin a ghearradh ar chomhaltaí nó iarchomhaltaí.”

7. In Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Cabhróidh Ardrúnaíocht a bheidh faoi stiúradh Ardrúnaí, Ardionadaí don chomhbheartas eachtrach agus slándála, leis an gComhairle agus cuideoidh Leas-Ardrúnaí leis a bheidh freagrach as an Ardrúnaíocht a reáchtáil. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tArdrúnaí agus an Leas-Ardrúnaí a cheapadh.

Cinnfidh an Chomhairle eagrúchán na hArdrúnaíochta.”

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31:

“Airteagal 31

Áiritheoidh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Chéadchéime, faoi chuimsiú a ndlínsí faoi seach, go gcomhlíonfar an dlí i léiriú an Chonartha seo agus ina chur chun feidhme.

Ina theannta sin, féadfar painéil bhreithiúnacha a chur ag gabháil leis an gCúirt Chéadchéime faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 32e chun an inniúlacht bhreithiúnach dá bhforáiltear sa Chonradh seo a fheidhmiú i réimsí sonracha áirithe.”

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:

“Airteagal 32

Breitheamh amháin in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i ndlí-sheomraí nó i Mór-Dhlísheomra i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú chuige sin i Reacht na Cúirte Breithiúnais.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais suí mar chúirt iomlán freisin nuair a fhoráiltear dó sin sa Reacht.”

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32a:

“Airteagal 32a

Beidh ochtar Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais. Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht na Cúirte Breithiúnais.”

11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32b:

“Airteagal 32b

Roghnófar Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais ó dhaoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana.

Athrófar cuid de na Breithiúna agus de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana faoi na coinníollacha atá leagtha amach i Reacht na Cúirte Breithiúnais.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Breithiúnais as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí throllach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.”

12. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32c:

“Airteagal 32c

Breitheamh amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime. Socrófar líon na mBreithiúna i Reacht na Cúirte Breithiúnais. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh Abhcóidí Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Chéadchéime.

Roghnófar comhaltaí na Cúirte Céadchéime as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Féadfar comhaltaí a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Céadchéime as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

Ceapfaidh an Chúirt Chéadchéime a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

Glacfaidh an Chúirt Chéadchéime a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt i Reacht na Cúirte Breithiúnais, beidh feidhm maidir leis an gCúirt Chéadchéime ag forálacha an Chonartha seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais.”

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32d:

“Airteagal 32d

1. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime caingne nó imeachtaí dá dtagraítear in Airteagail 33, 34, 35, 36, 38, 40 agus 42, cé is moite díobh siúd a shanntar do phainéal breithiúnach agus díobh siúd a fhorchoimeádtar sa Reacht chuig an gCúirt Bhreithiúnais, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim. Féadfar a fhoráil sa Reacht go mbeidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime maidir le haicmí eile caingne nó imeachtaí.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime de bhun na míre seo faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna dlí amháin, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht.

2. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime caingne nó imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne breitheanna ó na painéil bhreithiúnacha arna gcur ar bun de bhun Airteagal 32e a éisteacht agus a chinneadh.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime de bhun na míre seo a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, nuair atá baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail.

3. Beidh dlínse ag an gCúirt Chéadchéime ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 41 a éisteacht agus a chinneadh in ábhair shonracha atá leagtha síos sa Reacht.

Má mheasann an Chúirt Chéadchéime go n-éilíonn an cás breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail, féadfaidh sí an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun go dtabharfaidh sí breith.

Féadfaidh breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Chéadchéime ar cheisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú a bheith go heisceachtúil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Reacht, i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail.”

14. Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 32e

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na Eorpa agus leis an gCoimisiún, painéil bhreithiúnacha a chruthú chun aicmí áirithe caingne nó imeachtaí i réimsí sonracha a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim.

Socrófar sa chinneadh ag cur painéal breithiúnach ar bun na rialacha maidir le comhdhéanamh an phainéil sin agus sonrófar ann raon na dlínse a thugtar dó.

Beidh breitheanna arna dtabhairt ag na painéil bhreithiúnacha faoi réir ceart achomhairc a bheith ann ar phoncanna dlí amháin nó, nuair a fhoráiltear amhlaidh sa chinneadh ag cur painéil ar bun, faoi réir ceart achomhairc freisin ar cheisteanna fíorais a bheith ann chun na Cúirte Céadchéime.

Roghnófar comhaltaí na bpainéal breithiúnach as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Ceapfaidh an Chomhairle iad ag gníomhú di d'aon toil.

Glacfaidh na painéil bhreithiúnacha a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí throllach cáilithe, a bheith leis na rialacha sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa chinneadh ag cur painéal breithiúnach ar bun, beidh feidhm maidir leis na painéil bhreithiúnacha ag na forálacha sin den Chonradh seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais agus ag forálacha Reachta na Cúirte Breithiúnais.”

15. Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh ag Ballstát, ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle chun dearbhú a fháil go bhfuil cinntí nó moltaí ón gCoimisiún ar neamhní mar gheall ar easpa inniúlachta, ar shárú ceanglais fhíor-riachtanaigh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon riail dlí a bhaineann lena chur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhachtaí. Ach ní fhéadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais meastóireacht na staide a scrúdú a lean as fíorais nó imthosca eacnamaíocha agus a bhí ina cúis leis na cinntí nó na moltaí sin, mura rud é go ngearántar go ndearna an Coimisiún mí-úsáid dá chumhachtaí nó gur mhainnigh sé go follasach forálacha an Chonartha seo nó aon riail dlí a bhaineann lena chur chun feidhme a urramú.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír:

“Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh ag an gCúirt Iniúcháirí d'fhonn a sainchumais a choimirciú.”

16. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:

“Airteagal 45

Tá Reachta na Cúirte Breithiúnais leagtha síos i bPrótacal ar leith.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó arna iarraidh sin don Choimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Bhreithiúnais, forálacha an Reachta a leasú.”

17. Leasaítear Airteagal 45b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Náisiúnach amháin ó gach Ballstát a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ceapfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí go ceann téarma sé bliana. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athnuachan.

Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.”;

18. Leasaítear Airteagal 45c mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta arna bhunú ag an gComhphobal a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo agus foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfar an ráiteas sin a fhorlíonadh le measúnú sonracha ar gach mór-réimse de ghníomhaíocht an Chomhphobail.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Chomhphobail í agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacha, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thíolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí. Ar a shon sin, féadfaidh sí seomraí inmheánacha a bhunú chun aicmí áirithe tuarascálacha nó tuairimí a ghlacadh faoi na coinníollacha atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

Beidh sí de chúnaimh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i gníomh.

Glacfaidh an Chúirt Iniúchóirí a rialacha nós imeachta; is gá formheas trí thromlach cáilithe ón gComhairle a bheith leis na rialacha sin.”

19. Leasaítear Airteagal 96 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear “le hAirteagal 7(3)” in ionad “le hAirteagal F.1(2)”;
- (b) i mír 2, cuirtear “le hAirteagal 6(1)” in ionad “le hAirteagal F.1” agus cuirtear “Airteagal 7(2)” in ionad “Airteagal F.1(1)”.

Airteagal 5

Déanfar an Prótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh a leasú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 10:

“10.6. Féadfaidh an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le BCE, forálacha Airteagal 10.2 a leasú. Molfaidh an Chomhairle na leasuithe sin do na Ballstáit lena nglacadh. Tiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm ar na Ballstáit uile iad a dhaingniú i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Is gá cinneadh ón gComhairle Rialaithe, ag gníomhú di d'aontoil, a bheith le moladh ó BCE de bhun na míre seo.”

Airteagal 6

Déanfar an Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach a leasú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

“Airteagal 21

Bainfidh Airteagail 12 go 15 agus Airteagal 18 le Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoir agus Rapóirtéirí Cúnta na Cúirte Breithiúnais agus le comhaltaí agus Cláraitheoir na Cúirte Céadchéime, gan dochar do na forálacha d'Airteagal 3 den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais a bhaineann le Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla.”

CUID A DÓ
FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 7

Aisghairtear leis seo na Prótacail ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Comhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus cuirtear ina n-ionad an Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá curtha i gceangal ag an gConradh seo leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Airteagal 8

Aisghairtear leis seo Airteagail 1 go 20, Airteagal 44, Airteagal 45, an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 46, Airteagail 47 go 49 agus Airteagail 51, 52, 54 agus 55 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

Airteagal 9

Gan dochar do na hAirteagail den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a leanann de bheith i bhfeidhm, beidh feidhm ag forálacha an Phrótacail ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá curtha i gceangal ag an gConradh seo leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Comhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach nuair a fheidhmíonn an Chúirt Bhreithiúnais a cumhachtaí de bhun na bhforálacha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

Airteagal 10

Aisghairtear leis seo Cinneadh 89/591/CEGC/CEE, Euratom ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1988 ag bunú Cúirte Céadchéime de na Comhphobail Eorpacha, mar atá arna leasú, cé is moite d'Airteagal 3 de sa mhéid go bhfeidhmíonn an Chúirt Chéadchéime de bhun an Airteagail sin an dlínse arna tabhairt don Chúirt Bhreithiúnais faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

Airteagal 11

Tá an Conradh seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

Airteagal 12

1. Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le rialtas Phoblacht na hIodáile.
2. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a chomhallfaidh an fhoirmiúlacht sin.

Airteagal 13

Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile agus cuirfidh an rialtas sin cóip dheimhnithe chuig rialtas gach ceann eile de na Stáit shínitheacha.

En fe de lo cual, los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Tratado.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne traktat.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschrift unter diesen Vertrag gesetzt.

Εις πίστωση των ανωτέρω, οι υπογεγραμμένοι πληρεξούσιοι υπέγραψαν την παρούσα συνθήκη.

In witness whereof the undersigned Plenipotentiaries have signed this Treaty.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas du présent traité.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

In fede di che, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce al presente trattato.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit Verdrag hebben geplaatst.

Em fé do que, os plenipotenciários abaixo assinados apuseram as suas assinaturas no presente Tratado.

Tämän vakuudeksi alla mainitut täysivaltaiset edustajat ovat allekirjoittaneet tämän sopimuksen.

Till bevis härpå har undertecknade befullmäktigade undertecknat detta fördrag.

Hecho en Niza, el veintiséis de febrero de dos mil uno.

Udfærdiget i Nice, den seksogtyvende februar to tusind og et.

Geschehen zu Nizza am sechszwanzigsten Februar zweitausendeins.

Έγινε στη Νίκαια, στις είκοσι έξι Φεβρουαρίου του έτους δύο χιλιάδες ένα.

Done at Nice this twenty-sixth day of February in the year two thousand and one.

Fait à Nice, le vingt-six février de l'an deux mil un.

Arna dhéanamh in Nice ar an séú lá is fiche d'Fheabhra sa bhliain dhá mhíle is a haon.

Fatto a Nizza, addì ventisei febbraio duemilauno.

Gedaan te Nice, de zesentwintigste februari tweeduizend en een.

Feito em Nice, em vinte e seis de Fevereiro de dois mil e um.

Tehty Nizzassa kahdentenäkymmenentenäkuudentena helmikuuta 2001.

Utfärdat i Nice den tjugosjätte februari år tjugohundraett.

Pour Sa Majesté le Roi des Belges
Voor Zijne Majesteit de Koning der Belgen
Für Seine Majestät den König der Belgier



Cette signature engage également la Communauté française, la Communauté flamande, la Communauté germanophone, la Région wallonne, la Région flamande et la Région de Bruxelles-Capitale.


Deze handtekening verbindt eveneens de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschap, de Duitstalige Gemeenschap, het Vlaamse Gewest, het Waalse Gewest en het Brussels Hoofdstedelijk Gewest.

Diese Unterschrift bindet zugleich die Deutschsprachige Gemeinschaft, die Flämische Gemeinschaft, die Französische Gemeinschaft, die Wallonische Region, die Flämische Region und die Region Brüssel-Hauptstadt.


For Hendes Majestæt Danmarks Dronning




Für den Präsidenten der Bundesrepublik Deutschland




Για τον Πρόεδρο της Ελληνικής Δημοκρατίας




Por Su Majestad el Rey de España



Pour le Président de la République française




Thar ceann Uachtarán na hÉireann
For the President of Ireland



Per il Presidente della Repubblica italiana




Pour Son Altesse Royale le Grand-Duc de Luxembourg




Voor Hare Majesteit de Koningin der Nederlanden



Für den Bundespräsidenten der Republik Österreich



Pelo Presidente da República Portuguesa



Suomen Tasavallan Presidentin puolesta
För Republiken Finlands President

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'E. Tuomioja', written in a cursive style.

För Hans Majestät Konungen av Sverige

A handwritten signature in black ink, consisting of several loops and a vertical line at the end, possibly representing a royal signature.

For Her Majesty the Queen of the United Kingdom
of Great Britain and Northern Ireland

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Robin Cook', written in a cursive style.

PRÓTACAIL

A. PRÓTACAL ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH AR AN AONTAS EORPACH AGUS LEIS NA CONARTHAÍ AG BUNÚ NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Prótacal maidir le méadú an Aontais Eorpaigh

Á NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal

Eorpach:

Airteagal 1

Aisghairm an Phrótacail maidir leis na hinstiúidí

Aisghairtear leis seo an Prótacal maidir leis na hinstiúidí agus ionchas ann do mhéadú an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach.

Airteagal 2

Forálacha a bhaineann le Parlaimint na hEorpa

1. Ar an 1 Eanáir 2004 agus le héifeacht ó thús théarma 2004-2009, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 190(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus d'Airteagal 108(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

“Is mar a leanas a bheidh líon na n-ionadaithe a thoghfar i ngach Ballstát:

An Bheilg	22
An Danmhairg	13
An Ghearmáin	99
An Ghréig	22
An Spáinn	50
An Fhrainc	72
Éire	12
An Iodáil	72
Lucsamburg	6
An Ísiltír	25
An Ostair	17
An Phortaingéil	22
An Fhionlainn	13
An tSualainn	18
An Ríocht Aontaithe	72”

2. Faoi réir mhír 3, is ionann líon iomlán na n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa do théarma 2004-2009 agus líon na n-ionadaithe atá sonraithe in Airteagal 190(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus in Airteagal 108(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh móide líon na n-ionadaithe do na Ballstáit nua a thig ó na conarthaí aontachais arna síniú faoi cheann an 1 Eanáir 2004 ar a dhéanaí.

3. Más lú líon iomlán na gcomhaltaí dá dtagraítear i mír 2 ná 732, cuirfear ceartúchán *pro rata* i bhfeidhm ar líon na n-ionadaithe atá le toghadh i ngach Ballstát ionas go bhfuil an líon iomlán chomh gar agus is féidir le 732, gan a theacht ón gceartúchán sin gur mó líon na n-ionadaithe atá le toghadh i ngach Ballstát ná an líon dá bhforáiltear in Airteagal 190(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus in Airteagal 108(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach do théarma 1999-2004.

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh chuige sin.

4. De mhaolú ar an dara mír d'Airteagal 189 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus ar an dara mír d'Airteagal 107 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, má thagann conarthaí aontachais i bhfeidhm tar éis an cinneadh ón gComhairle dá bhforáiltear sa dara fomhír de mhír 3 den Airteagal seo a bheith glactha, féadfaidh líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa dul thar 732 go sealadach ar feadh tréimhse feidhme an chinnidh sin. Cuirfear an ceartúchán céanna dá dtagraítear sa chéad fomhír de mhír 3 den Airteagal seo i bhfeidhm maidir le líon na n-ionadaithe atá le toghadh sna Ballstáit i dtrácht.

Airteagal 3

Forálacha maidir le vótaí a ualú sa Chomhairle

1. Ar an 1 Eanáir 2005:

(a) leasófar Airteagal 205 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 118 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, gabhfaidh meáchan mar a leanas le vótaí a comhaltaí:

An Bheilg	12
An Danmhairg	7
An Ghearmáin	29
An Ghréig	12
An Spáinn	27
An Fhrainc	29
Éire	7
An Iodáil	29
Lucsamburg	4
An Ísiltír	13
An Ostair	10
An Phortaingéil	12
An Fhionlainn	7
An tSualainn	10
An Ríocht Aontaithe	29

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá cuid nach lú ná 169 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag tromlach na gcomhaltaí sa chás ina gceanglaítear sa Chonradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún.

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle i gcásanna eile, is gá cuid nach lú ná 169 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad.”

(ii) cuirtear isteach mír 4 mar a leanas:

“4. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62 % ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhallta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht.”

(b) in Airteagal 23(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Déanfar vótaí chomhaltaí na Comhairle a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Chun go nglacfar cinntí, is gá 169 vóta ar a laghad ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62 % ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhallta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht.”

(c) in Airteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá 169 vóta ar a laghad ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62 % ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhallta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht.”

2. Tráth gach aontachais, déanfar an tairseach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus sa dara fomhír d'Airteagal 118 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a ríomh ionas nach mó an tairseach le haghaidh tromlaigh cháilithe arna shonrú i vótaí ná an tairseach a thig ón tábla sa Dearbhú maidir leis an Aontas Eorpach a mhéadú atá curtha isteach in Ionstraim Chríochnaitheach na Comhdhála a ghlac Conradh Nice.

Airteagal 4

Forálacha a bhaineann leis an gCoimisiún

1. Ar an 1 Eanáir 2005 agus le héifeacht ó dhul i mbun a dhualgas don chéad Choimisiún tar éis an dáta sin, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 213(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 126(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

“1. Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Ní mór náisiúnach amháin as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon comhaltaí an Choimisiúin a athrú.”

2. Nuair a bheidh 27 Ballstát ag an Aontas, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 213(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 126(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

“1. Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Is lú líon chomhaltaí an Choimisiúin ná líon na mBallstát. Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin de réir uainíochta ar bhonn phrionsabal an chomhionannais agus glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na socruithe chun an uainíocht sin a chur chun feidhme.

Socróidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon chomhaltaí an Choimisiúin.”

Beidh feidhm ag an leasú seo amhail ón dáta a rachaidh an chéad Choimisiún tar éis dháta aontachais an tseachtú Ballstát is fiche i mbun a dhualgas.

3. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil tar éis conradh aontachais an tseachtú Ballstát is fiche den Aontas a shíniú:

— líon chomhaltaí an Choimisiúin;

— na socruithe chun an uainíocht ar bhonn phrionsabal an chomhionannais a chur chun feidhme ina gcuimsítear na critéir agus na rialacha go léir is gá chun comhdhéanamh na gcoláistí leanúnacha a shocrú go huathoibríoch, ar bhonn na bprionsabal seo a leanas:

(a) cuirfear an chóir chomhionann cheannann chéanna ar na Ballstáit i dtaca leis an ord san am agus an ré ina mbeidh a náisiúnaigh mar chomhaltaí den Choimisiún a chinneadh; dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an difríocht idir líon iomlán na dtéarmaí oifige arna sealbhú ag náisiúnaigh aon dá Bhallstát ar leith bheith níos mó ná téarma amháin;

(b) faoi réir fohír (a), beidh gach coláiste leanúnach comhdhéanta ar dhóigh a léireoidh go sásúil raon déimeagrafach agus geografach Bhallstáit uile an Aontais.

4. Beidh ag aon Stát a aontaíonn don Aontas an ceart, tráth a aontachais, duine dá náisiúnaigh a bheith mar chomhalta den Choimisiún go dtí go mbeidh feidhm ag mír 2.

**B. PRÓTACAL ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH AR AN AONTAS EORPACH,
LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH AGUS LEIS AN
gCONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH
ADAMHACH**

Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht na Cúirte Breithiúnais dá bhforáiltear in Airteagal 245 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus in Airteagal 160 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a leagan síos,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

Airteagal 1

Comhdhéanfar Cúirt Bhreithiúnais agus feidhmeoidh sí de réir fhorálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach (Conradh AE), an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (Conradh CE), an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh CEFA) agus an Reachta seo.

TEIDEAL I

BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA

Airteagal 2

Sula rachaidh sé i mbun a dhualgas glacfaidh gach Breitheamh mionn, i gcúirt oscailte, go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfadh sé plé na Cúirte faoi rún.

Airteagal 3

Beidh na breithiúna díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla. Tar éis dóibh scor dá n-oifig, leanfaidh siad de dhíolúine a bheith acu i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa.

Féadfaidh an Chúirt, ina suí di mar chúirt iomlán, an díolúine a tharscaoileadh.

I gcás inar tarscaoileadh díolúine agus ina dtionscnófar imeachtaí coiriúla i gcoinne Breithimh, ní intriailte é, in aon cheann de na Ballstáit, ach amháin ag an gCúirt atá inniúil ar bhreithiúnas a thabhairt ar na breithiúna is airde dlínse náisiúnta.

Beidh Airteagail 12 go 15 agus Airteagal 18 den Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach infheidhme ar Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoir agus Rapóirtéirí Cúnta na Cúirte, gan dochar do na forálacha a bhaineann le Breithiúna a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla agus atá leagtha amach sna míreanna sin roimhe seo.

Airteagal 4

Ní fhéadfaidh na Breithiúna oifig pholaitíochta ná riaracháin a shealbhú.

Ní fhéadfaidh siad bheith ag gabháil d'aon slí bheatha, sochrach ná neamshochrach, mura dtabharfaidh an Chomhairle díolúine d'eisceacht.

Nuair a rachaidh siad i mbun a ndualgas, tabharfaidh siad gealltanús sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh sin, na hoibleagáidí a bheidh orthu de bharr na hoifige sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic discréideach maidir le ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dóibh scor dá n-oifig.

Déanfar aon amhras ina thaobh sin a shocrú le breith ón gCúirt.

Airteagal 5

Amach ó ghnáthathrú ar Bhreithiúna, nó i gcás breitheamh d'fháil bháis, críochnóidh dualgais Bhreithimh ar é d'éirí as oifig.

Nuair a éireoidh Breitheamh as oifig, díreofar a litir ag éirí as oifig chuig Uachtarán na Cúirte lena tarchur chuig Uachtarán na Comhairle. Ar an bhfógra sin a thabhairt beidh folúntas ar an mBinse.

Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 6, fanfaidh Breitheamh i seilbh a oifige go dtí go rachaidh a chomharba i mbun a dhualgas.

Airteagal 6

Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de Bhreitheamh, ach amháin más rud é, i dtuairim d'aon toil Bhreithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Ní ghlacfaidh an Breitheamh a bheidh i gceist páirt in aon phlé den sórt sin.

Cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte breith na Cúirte in iúl d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán an Choimisiúin agus tabharfaidh sé fógra faoi d'Uachtarán na Comhairle.

I gcás breithe ag baint a oifige de Bhreitheamh, beidh folúntas ar an mBinse nuair a thabharfar an fógra sin is déanaí atá luaite.

Airteagal 7

Breitheamh a ghabhfaidh ionad comhalta den Chúirt nach bhfuil a théarma oifige caite, ceapfar é go ceann a bhfuil fágtha de théarma a réamhtheachtaí.

Airteagal 8

Bainfidh forálacha Airteagail 2 go 7 leis na hAbhcóidí Ginearálta.

TEIDEAL II

EAGRAÍOCHT*Airteagal 9*

Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana, athrófar ochtar agus naonúr díobh gach re seach.

Nuair a athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana, athrófar ceathrar Abhcóidí Ginearálta ar gach ócáid.

Airteagal 10

Glacfaidh an Cláráitheoir mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

Airteagal 11

Déanfaidh an Chúirt socrú chun duine a dhul in ionad an Chláráitheora ar ócáidí nach féidir dó freastal ar an gCúirt.

Airteagal 12

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile ag gabháil leis an gCúirt ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh siad freagrach don Chláráitheoir faoi údarás an Uachtaráin.

Airteagal 13

Ar thogra ón gCúirt, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, socrú a dhéanamh chun Rapóirtéirí Cúnta a cheapadh agus na rialacha a leagan síos a rialóidh a seirbhís. Féadfar a cheangal ar Rapóirtéirí Cúnta, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, páirt a ghlacadh i réamhfhosrúcháin i gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte agus comhoibriú leis an mBreitheamh a ghníomhaíonn mar Rapóirtéir.

Roghnófar na Rapóirtéirí Cúnta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí dlí acu is gá; is í an Chomhairle a cheapfaidh iad. Glacfaidh siad mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh siad plé na Cúirte faoi rún.

Airteagal 14

Beidh de cheangal ar na Breithiúna, ar na hAbhcóidí Ginearálta agus ar an gCláráitheoir cónaí san áit a bhfuil suíomh na Cúirte.

Airteagal 15

Leanfaidh an Chúirt go buan ar seisiún. Cinnfidh an Chúirt, ag féachaint go cuí do riachtanais a gnó, tréimhsí na saoire breithiúnta.

Airteagal 16

Cuirfidh an Chúirt eagar dlísheomraí de thriúr agus de chúigear Breithiúna uirthi féin. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a líon féin. Toghfar Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Aon Bhreitheamh déag a bheidh ar an Mór-Dhlísheomra. Uachtarán na Cúirte a bheidh ina uachtarán air. Is cuid den Mhór-Dhlísheomra freisin Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu agus Breithiúna eile arna gceapadh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Suífidh an Chúirt mar Mhór-Dhlísheomra arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'institiúid de chuid na gComhphobal is páirtí sna himeachtaí.

Suífidh an Chúirt mar chúirt iomlán nuair a thugtar cásanna os a comhair de bhun Airteagal 195(2), Airteagal 213(2), Airteagal 216 nó Airteagal 247(7) de Chonradh CE nó Airteagal 107d(2), Airteagal 126(2), Airteagal 129 nó Airteagal 160b(7) de Chonradh CEFA.

Fairis sin, nuair a mheasann sí go bhfuil mórtábhacht ag roinnt le cás os a comhair, féadfaidh an Chúirt a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an cás a tharchur chuig an gcúirt iomlán.

Airteagal 17

Ní bheidh breitheanna na Cúirte bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé.

Ní bheidh breitheanna na ndlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna iontu bailí ach amháin má ghlacann triúr Breithiúna iad.

Ní bheidh breitheanna an Mhór-Dhlísheomra bailí ach amháin má tá naonúr Breithiúna ina suí.

Ní bheidh breitheanna na Cúirte iomláine bailí ach amháin má tá aon Bhreitheamh déag ina suí.

Mura féidir do dhuine de na Breithiúna as dlísheomra bheith i láthair, féadfar gloch ar Bhreitheamh dlísheomra eile chun suí i gcomhréir le coinníollacha arna leagan síos sna rialacha nós imeachta.

Airteagal 18

Ní fhéadfaidh aon Bhreitheamh ná Abhcóide Ginearálta páirt a ghlacadh i dtríail aon cháis inar ghlac sé páirt roimhe sin mar ghníomhaire nó comhairleoir nó inar ghníomhaigh sé thar ceann duine de na páirtithe, nó inar glaodh air breith a thabhairt mar chomhalta de chúirt nó de bhinse, de choimisiún fiosrúcháin nó in aon cháil eile.

Má mheasann aon Bhreitheamh nó Abhcóide Ginearálta nach ceart dó, ar chúis speisialta éigin, páirt a ghlacadh sa bhreithiúnacht nó sa scrúdú ar aon chás áirithe, cuirfidh sé é sin in iúl don Uachtarán. Má mheasann an tUachtarán, ar chúis speisialta éigin, nach ceart go suífeadh Breitheamh nó Abhcóide Ginearálta áirithe, nó go ndéanfadh sé aighneachtaí i gcás áirithe, cuirfidh sé sin in iúl dó.

Socrófar le breith ón gCúirt aon deacracht a éireoidh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

Ní fhéadfaidh páirtí athrú ar chomhdhéanamh na Cúirte ná dlísheomra dá cuid a iarraidh mar gheall ar náisiúntacht Bhreithimh nó toisc Breitheamh de náisiúntacht an pháirtí sin a bheith as láthair ón gCúirt nó ón dlísheomra.

TEIDEAL III

NÓS IMEACHTA

Airteagal 19

Beidh gníomhaire a cheapfar do gach cás ag Ballstáit agus institiúidí na gComhphobal chun feidhmiú ar a son os comhair na Cúirte; féadfaidh an gníomhaire comhairleoir nó dlíodóir a bheith aige de chúnamh dó.

Beidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú sin ionadaithe ar an gcuma chéanna.

Caithfidh páirtithe eile dlíodóir a bheith acu chun feidhmiú ar a son.

Dlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte de chuid Ballstáit nó de chuid Stáit eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, eisean amháin a fhéadfaidh ionadú do pháirtí nó bheith de chúnamh aige os comhair na Cúirte.

Beidh ag na gníomhairí, na comhairleoirí agus na dlíodóirí sin nuair a láithreoidh siad os comhair na Cúirte, na cearta agus na díolúintí is gá lena ndualgais a fheidhmiú go neamhspleách, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Maidir leis na comhairleoirí agus na dlíodóirí a láithreoidh os a comhair, beidh ag an gCúirt na cumhachtaí a thugtar de ghnáth do chúirteanna dlí, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Múinteoirí ollscoile is náisiúnaigh de Bhallstát a dtugann a dhlí ceart éisteachta dóibh, beidh acu os comhair na Cúirte na cearta céanna a thugtar leis an Airteagal seo do dhlíodóirí.

Airteagal 20

Roinnfear an nós imeachta os comhair na Cúirte ina dhá chuid: i scríbhinn agus ó bhéal.

Is éard é an nós imeachta i scríbhinn, iarratais, ráitis cháis, cosaintí agus tuairimí, agus freagraí, más ann, mar aon leis na páipéir agus na doiciméid uile i dtaca leo, nó cóipeanna deimhnithe díobh, a chur chuig na páirtithe agus chuig institiúidí de chuid na gComhphobal a bhfuil a gcinntí faoi dhíospóid.

Cuirfidh an Cláráitheoir na nithe sin chucu san ord agus laistigh den am a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Is éard é an nós imeachta ó bhéal, an tuarascáil a léamh a thíolaic Breitheamh ag gníomhú dó mar Rapóirtéir, an Chúirt d'éisteacht gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí, agus aighneachtaí ón Abhcóide Ginearálta agus, ina theannta sin, má bhíonn ann, finnéithe agus saineolaithe a éisteacht.

Má mheasann sí nach n-ardaíonn an cás aon phonc nua dlí, féadfaidh an Chúirt a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go dtabharfar breith ar an gcás gan aighneacht ón Abhcóide Ginearálta.

Airteagal 21

Tabharfar cás os comhair na Cúirte trí iarratas i scríbhinn arna dhíriú chuig an gCláráitheoir. Beidh san iarratas ainm agus buanseoladh an iarratasóra agus tuairisc an tsínitheora, ainm an pháirtí nó ainmneacha na bpáirtithe ar ina choinne nó ina gcoinne a dhéantar an t-iarratas, ábhar na díospóide, an saghas ordaithe atá á lorg agus ráiteas gearr ar na pléadálacha dlí ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe.

Beidh ag gabháil leis an iarratas, nuair is cuí sin, an beart a bhfuil a neamhniú á iarraidh nó, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 232 de Chonradh CE agus in Airteagal 148 de Chonradh CEFA fianaise dhoiciméid ar an dáta a iarradh ar institiúid gníomhú, de réir na nAirteagal sin. Mura gcuirfear na doiciméid isteach i dteannta an iarratais, iarrfaidh an Cláráitheoir ar an bpáirtí lena mbaineann iad a thabhairt ar aird laistigh de thréimhse réasúnta, ach, más mar sin a bheidh, ní thitfidh cearta an pháirtí ar lár bíodh is nach dtabharfar na doiciméid sin ar aird go dtí tar éis an tráth chun imeachtaí a bhunú.

Airteagal 22

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 18 de Chonradh CEFA, is trí achomharc arna dhíriú chun an Chláráitheora a thabharfar an t-ábhar os comhair na Cúirte. Beidh san achomharc ainm agus buanseoladh an achomharcóra agus tuairisc an tsínitheora, tagairt don chinneadh ar ina aghaidh a rinneadh an t-achomharc, ainmneacha na bhfreagróirí, ábhar na díospóide, na haighneachtaí a rinneadh agus ráiteas gearr ar na príomhfhórais ar a bhfuiltear ag seasamh.

Beidh ag gabháil leis an achomharc cóip dheimhnithe den chinneadh ón gCoiste Eadrána atá á dhíospóid.

Má dhiúltaíonn an Chúirt don achomharc, tiocfaidh cinneadh an Choiste Eadrána chun bheith ina chinneadh críochnaitheach.

Má neamhniónn an Chúirt cinneadh an Choiste Eadrána, féadfar an t-ábhar a tharraingt anuas athuair, más iomchuí, ar thionscnamh ceann de na páirtithe sa chás, os comhair an Choiste Eadrána. Déanfaidh an Coiste sin de réir aon chinntí ón gCúirt maidir le poncanna dlí.

Airteagal 23

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 35(1) de Chonradh AE, Airteagal 234 de Chonradh CE agus Airteagal 150 de Chonradh CEFA, nuair a chinnfidh cúirt nó binse de chuid Ballstáit ar a himeachtaí a fhionraí agus cás a tharchur chuig an gCúirt, cuirfidh an chúirt nó an binse sin an cinneadh sin in iúl don Chúirt. Ansin cuirfidh Cláráitheoir na Cúirte an cinneadh in iúl do na páirtithe, do na Ballstáit agus don Choimisiún, agus freisin don Chomhairle nó don Bhanc Ceannais Eorpach, má thionscain ceachtar acu an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid, agus do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle más gníomh a ghlac an dá institiúid sin go comhpháirteach a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid.

Laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl amhlaidh, beidh na páirtithe, na Ballstáit, an Coimisiún agus, más iomchuí, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Banc Ceannais Eorpach, i dteideal ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 234 de Chonradh CE, ina theannta sin, cuirfidh Cláráitheoir na Cúirte an cinneadh ón gcúirt nó ón mbinse náisiúnta in iúl do na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus d'Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú a dúradh agus féadfaidh siad, laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl agus nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe i gceist, ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte.

Airteagal 24

Féadfaidh an Chúirt a cheangal ar na páirtithe na doiciméid go léir a thabhairt ar aird, agus an fhaisnéis go léir a sholáthar, a mheasfaidh an Chúirt is inmhianaithe. Déanfar nóta foirmiúil d'aon diúltú.

Féadfaidh an Chúirt a cheangal, freisin, ar na Ballstáit agus ar na hinstiúidí nach páirtithe iad sa chás gach faisnéis a thabhairt a mheasfaidh an Chúirt is gá le haghaidh na n-imeachtaí.

Airteagal 25

Féadfaidh an Chúirt tráth ar bith dul ar iontaoibh duine, comhlachta, údaráis, coiste nó eagraíochta eile ar bith is rogha léi chun tuairim shaineolach a thabhairt.

Airteagal 26

Féadfar finnétithe a éisteacht faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Airteagal 27

Maidir le finnétithe mainneachtana beidh ag an gCúirt na cumhachtaí is gnách a thabhairt do chúirteanna agus do bhinsí agus féadfaidh sí pionóis airgid a ghearradh faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Airteagal 28

Féadfar finnétithe agus saineolaithe a éisteacht faoi mhionn arna ghlacadh san fhoirm a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta nó ar an modh atá leagtha síos i ndlí thír an fhinné nó an tsaineolaí.

Airteagal 29

Féadfaidh an Chúirt a ordú go n-éistfear finné nó saineolaí ag údarás breithiúnach a áite buanchónaithe.

Cuirfear an t-ordú lena fheidhmiú go dtí an t-údarás breithiúnach inniúil faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta. Cuirfear ar ais chun na Cúirte faoi na coinníollacha céanna na doiciméid a tarraingíodh suas i gcomhlíonadh na litreacha rogáide.

Íocfaidh an Chúirt na caiteachais, gan dochar don cheart chun iad a mhuirearú, nuair is cúí sin, ar na páirtithe.

Airteagal 30

Déileálfaidh Ballstát le haon sárú mionna ag finné nó saineolaí ionann is dá mba os comhair ceann dá chúirteanna a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta a rinneadh an cion. Ar thionscnamh na Cúirte, déanfaidh an Ballstát an ciontóir a ionchúiseamh os comhair a chúirte inniúla.

Airteagal 31

Is i gcúirt oscailte a éistfear cásanna mura ndéanfaidh an Chúirt, uaithi féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhálairt a chinneadh ar chúiseanna troma.

Airteagal 32

Le linn na héisteachta féadfaidh an Chúirt na saineolaithe, na finnétithe agus na páirtithe féin a cheistiú. Ní fhéadfaidh siad siúd, áfach, an Chúirt a aitheasc ach amháin trína n-ionadaithe.

Airteagal 33

Scríobhfar miontuairiscí ar gach éisteacht agus síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir iad.

Airteagal 34

Socróidh an tUachtarán liosta na gcásanna.

Airteagal 35

Beidh plé na Cúirte ina rún agus fanfaidh sé amhlaidh.

Airteagal 36

Luafaidh na breithiúnais na réasúin ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh iontu ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sa phlé.

Airteagal 37

Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na breithiúnais. Léifear amach iad i gcúirt oscailte.

Airteagal 38

Breithneoidh an Chúirt na costais.

Airteagal 39

Féadfaidh Uachtarán na Cúirte, i modh nós imeachta achomair ar féidir, a mhéad is gá sin, difear a bheith idir é agus cuid de na rialacha atá sa Reachta seo agus a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, breithniú a dhéanamh ar iarratais chun forghníomhú a fhionraí, mar a fhoráiltear in Airteagal 242 de Chonradh CE agus Airteagal 157 de Chonradh CEFA, nó bearta eatramhacha a ordú de bhun Airteagal 243 de Chonradh CE nó Airteagal 158 de Chonradh CEFA nó forfheidhmiú a fhionraí de réir an ceathrú mír d'Airteagal 256 de Chonradh CE nó an tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA.

Mura féidir don Uachtarán bheith i láthair, gabhfaidh Breitheamh eile a ionad faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Rialú sealadach a bheidh i rialú an Uachtaráin nó an Bhreithimh a ghabhfaidh a ionad agus ní bheidh dochar ansin ar dhóigh ar bith do bhreith na Cúirte ar shubstaint an cháis.

Airteagal 40

Féadfaidh Ballstáit agus institiúidí na gComhphobal idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte.

Beidh an ceart céanna ar fáil d'aon duine eile a shuífidh leas i dtoradh aon cháis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, ach amháin i gcásanna idir Ballstáit, idir institiúidí de chuid na gComhphobal, nó idir Ballstáit agus institiúidí de chuid na gComhphobal.

Gan dochar don dara mír, féadfaidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú a dúradh idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin i gceist.

Beidh iarratas ar idiragairt teoranta do thacaíocht a thabhairt don saghas ordaithe atá á lorg ag ceann de na páirtithe.

Airteagal 41

Má mhainníonn páirtí na cosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú, tabharfar breithiúnas mainneachtana i gcoinne an pháirtí sin. Féadfar agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin a thaisceadh laistigh de mhí tar éis é a fhógairt. Ní chuirfidh an agóid bac ar fhorghníomhú an bhreithiúnais mhainneachtana, mura gcinnfidh an Chúirt a mhalairt.

Airteagal 42

Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí na gComhphobal agus aon duine eile, nádúrtha nó dlítheanach, i gcásanna agus faoi choinníollacha a bheidh le cinneadh leis na rialacha nós imeachta, imeachtaí tríú páirtí a thionscnamh chun breithiúnas a chomhrac a tugadh gan éisteacht a thabhairt dóibh, má théann an breithiúnas chun dochair dá gcearta.

Airteagal 43

Má bhíonn amhras ann faoi bhrí nó réim bhreithiúnais, forléireoidh an Chúirt é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid na gComhphobal a shuífidh a leas ann.

Airteagal 44

Ní fhéadfar athbhreithniú breithiúnais a iarraidh ar an gCúirt ach amháin má aimsítear fíoras is de chineál cinntitheach agus nárbh eol, nuair a tugadh an breithiúnas, don Chúirt ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

Tosófar an t-athbhreithniú le breithiúnas ón gCúirt á thairfeadh go sainráiteach fíoras nua a bheith ann, á aithint gur fíoras é de chineál a leathann an cás ar oscailt chun a athbhreithnithe agus á dhearbhu go bhfuil an t-iarratas inghlactha ar an bhforas sin.

Ní bheidh aon iarratas ar athbhreithniú indéanta tar éis deich mbliana a bheith caite ó dháta an bhreithiúnais.

Airteagal 45

Cinnfear leis na rialacha nós imeachta tréimhsí breise a bhunófar ar an bhfad ó láthair.

Ní dochar é do cheart ar bith tréimhse ama a bheith imithe in éag má chruthaíonn an páirtí lena mbaineann gur tharla imthosca nárbh fhéidir a thuar nó go raibh *force majeure* ann.

Airteagal 46

Beidh imeachtaí i gcoinne na gComhphobal in ábhair a éireoidh as dliteanais neamhchonarthacha faoi urchosc tar éis thréimhse cúig bliana ó tharla an teagmhas as ar éirigh siad. Brisfear an tréimhse teorann má thionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte nó má dhéanann an páirtí éagóirithe iarratas roimhe sin chun na hinstiúide iomchuí de chuid na gComhphobal. Sa chás deireanach sin, caithfear na himeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse dhá mhí dá bhforáiltear in Airteagal 230 de Chonradh CE agus Airteagal 146 de Chonradh CEFA; beidh feidhm ag forálacha an dara mír d'Airteagal 232 de Chonradh CE agus an dara mír d'Airteagal 148 de Chonradh CEFA faoi seach nuair is cúí sin.

TEIDEAL IV

CÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Airteagal 47

Beidh Airteagail 2 go 8, Airteagail 14 agus 15, an chéad mhír, an dara mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír d'Airteagal 17 agus Airteagal 18 infheidhme ar an gCúirt Chéadchéime agus ar a comhaltaí. Is os comhair na Cúirte Breithiúnais a ghlacfar an mionn dá dtagraítear in Airteagal 2 agus is í an Chúirt Bhreithiúnais a ghlacfaidh na breitheanna dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 6 tar éis di an Chúirt Chéadchéime a éisteacht.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gceathrú mír d'Airteagal 3 agus ag Airteagail 10, 11 agus 14 maidir le Cláraitheoir na Cúirte Céadchéime.

Airteagal 48

Cúig bhreitheamh déag a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime.

Airteagal 49

Féadfar a iarraidh ar chomhaltaí na Cúirte Céadchéime cúram an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna a tugadh os comhair na Cúirte Céadchéime, chun cuidiú leis an gCúirt Chéadchéime i gcomhlíonadh a cúraim.

Leagfar síos i rialacha nós imeachta na Cúirte Céadchéime na critéir chun cásanna den sórt sin a roghnú mar aon leis na nósanna imeachta chun na hAbhcóidí Ginearálta a ainmniú.

Ní fhéadfaidh comhalta ar iarradh air cúram an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú i gcás páirt a ghlacadh i mbreithiúnas an cháis sin.

Airteagal 50

Suífidh an Chúirt Chéadchéime i ndlísheomraí de thriúr nó cúigear Breithiúna. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a líon féin. Toghfar Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Beidh comhdhéanamh na ndlísheomraí agus sannadh na gcásanna dóibh faoi rialú ag na rialacha nós imeachta. I gcásanna áirithe atá sainithe sna rialacha nós imeachta, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime suí mar chúirt iomlán nó féadfar í a chomhdhéanamh de Bhreitheamh aonair.

Féadfar a fhoráil sna rialacha nós imeachta go bhféadfaidh an Chúirt Chéadchéime suí mar Mhór-Dhlísheomra sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá sonraithe iontu.

Airteagal 51

De mhaolú ar an riail atá leagtha síos in Airteagal 225(1) de Chonradh CE agus in Airteagal 140a(1) de Chonradh CEFA, beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh ag na Ballstáit, ag institiúidí na gComhphobal agus ag an mBanc Ceannais Eorpach.

Airteagal 52

Leagfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais agus Uachtarán na Cúirte Céadchéime síos de thoil a chéile na coinníollacha faoina ndéanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile atá ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais a seirbhísí a sholáthar don Chúirt Chéadchéime ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh oifigigh áirithe nó seirbhísigh áirithe eile freagrach do Chláraitheoir na Cúirte Céadchéime faoi údarás Uachtarán na Cúirte Céadchéime.

Airteagal 53

Beidh an nós imeachta os comhair na Cúirte Céadchéime faoi rialú ag Teideal III.

Aon fhorálacha níos mionchruinne is gá de bhreis, déanfar iad a leagan síos ina rialacha nós imeachta. Féadfar maolú sna rialacha nós imeachta ar an gceathrú mír d'Airteagal 40 agus ar Airteagal 41 d'fhonn tréithe sonracha na dlíthíochta i réimse na maoine intleachtúla a chur san áireamh.

De mhaolú ar an gceathrú mír d'Airteagal 20, féadfaidh an tAbhcóide Ginearálta a chuid aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i scríbhinn.

Airteagal 54

Má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a seoladh chuig an gCúirt Chéadchéime a thaisceadh de dhearmad le Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Céadchéime; mar an gcéanna, má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a seoladh chuig an gCúirt Bhreithiúnais a thaisceadh de dhearmad le Cláraitheoir na Cúirte Céadchéime, déanfaidh an Chláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais.

Má chinneann an Chúirt Chéadchéime nach bhfuil dlínse aici caingean a éisteacht agus a chinneadh a bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais ina leith, déanfaidh sí an chaingean sin a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais; mar an gcéanna, má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann caingean le dlínse na Cúirte Céadchéime, déanfaidh sí an chaingean sin a tharchur chun na Cúirte Céadchéime, agus ní fhéadfaidh sise ansin dlínse a dhiúltú.

Má thugtar cásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Céadchéime araon ina bhfuil an faoiseamh céanna á éileamh, ina dtógtar an tsaincheist chéanna léirithe nó ina gcaitear amhras ar bharántúlacht an achta chéanna, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime, tar éis di na páirtithe a éisteacht, bac a chur ar na himeachtaí os a comhair go dtí go mbeidh breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais. Má dhéantar iarratais chun an t-acht céanna a neamhniú, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime dlínse a dhiúltú chomh maith chun go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar na hiarratais sin. Sna cásanna dá dtagraítear sa mhír seo, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh chomh maith bac a chur ar na himeachtaí a tugadh os a comhair; má dhéanann sí amhlaidh, leanfar de na himeachtaí a tugadh os comhair na Cúirte Céadchéime.

Airteagal 55

Déanfaidh Cláraitheoir na Cúirte Céadchéime breitheanna críochnaitheacha na Cúirte Céadchéime, breitheanna nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach, nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht, a chur in iúl do gach páirtí lena mbaineann agus freisin do na Ballstáit uile agus d'institiúidí na gComhphobal fiú mura bhfuil idiragairt déanta acu sa chás os comhair na Cúirte Céadchéime.

Airteagal 56

Laistigh de dhá mhí tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreitheanna críochnaitheacha na Cúirte Céadchéime agus i gcoinne bhreitheanna na Cúirte sin nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht.

Féadfaidh aon pháirtí ar theip ar a chuid aighneachtaí go hiomlán nó go páirteach a leithéid sin d'achomharc a dhéanamh. Ní fhéadfaidh, áfach, idiragraithe nach Ballstáit nó institiúidí de chuid na gComhphobal iad achomharc den chineál sin a dhéanamh ach amháin má bhaineann breith na Cúirte Céadchéime go díreach leo.

Cé is moite de chásanna a bhaineann le díospóidí idir na Comhphobail agus a gcuid seirbhíseach, féadfaidh Ballstáit agus institiúidí de chuid na gComhphobal nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime achomharc a dhéanamh chomh maith. Cuirfear an chóir chéanna ar na Ballstáit agus na hinstiúidí sin a chuirtear ar Bhallstáit nó institiúidí a rinne idiragairt ag an gcéad chéim.

Airteagal 57

Aon duine a ndéanfaidh an Chúirt Chéadchéime a iarratas idiragartha a dhíbhe, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais laistigh de dhá sheachtain tar éis an bhreith ag díbhe an iarratais a bheith curtha in iúl.

Féadfaidh páirtithe sna himeachtaí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne aon bhreithe de chuid na Cúirte Céadchéime a rinneadh de bhun Airteagal 242 nó Airteagal 243 nó an ceathrú mír d'Airteagal 256 de Chonradh CE nó de bhun Airteagal 157 nó Airteagal 158 nó an tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA laistigh de dhá mhí tar éis a curtha in iúl.

Éistfear na hachomhairc dá dtagraítear sa chéad dá mhír den Airteagal seo, agus déanfar breith orthu, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39.

Airteagal 58

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais ach ar phoncanna dlí amháin. Is é a bheith de bhonn aige easpa dlínse na Cúirte Céadchéime, sárú nós imeachta os a comhair a théann chun dochair do leas an achomharcóra nó sárú ar reachtaíocht an Chomhphobail ag an gCúirt Chéadchéime.

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh nach mbaineann ach amháin le méid na gcostas nó leis an bpáirtí ar ordáíodh dó iad a íoc.

Airteagal 59

Má dhéantar achomharc i gcoinne breithe de chuid na Cúirte Céadchéime, beidh cuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i scríbhinn agus cuid de ó bhéal. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sna rialacha nós imeachta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta agus na páirtithe a éisteacht, an nós imeachta ó bhéal a fhágáil ar lár.

Airteagal 60

Gan dochar d'Airteagail 242 agus 243 de Chonradh CE nó d'Airteagail 157 agus 158 de Chonradh CEFA, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc.

De mhaolú ar Airteagal 244 de Chonradh CE agus d'Airteagal 159 de Chonradh CEFA, ní ghlacfaidh breitheanna na Cúirte Céadchéime á dhearbhu rialachán a bheith ar neamhní éifeacht ach amháin ón dáta a mbeidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 den Reacht seo dulta in éag, nó má rinneadh achomharc laistigh den tréimhse sin, ón dáta a díbheadh an t-achomharc, gan dochar, ar a shon sin, do cheart an pháirtí chun a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais, de bhun Airteagail 242 agus 243 de Chonradh CE nó d'Airteagail 157 agus 158 de Chonradh CEFA, éifeachtaí an rialacháin neamhnithe a fhionraí nó aon bhearta idirlinne eile a ordú.

Airteagal 61

Má tá bunús leis an achomharc, neamhneoidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Céadchéime. Féadfaidh sí féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Chéadchéime le haghaidh breithiúnais.

Má tharchuirtear cás ar ais go dtí an Chúirt Chéadchéime, beidh breith na Cúirte Breithiúnais maidir le poncanna dlí ina ceangal ar an gCúirt sin.

Má tá bunús le hachomharc a dhéanann Ballstát nó institiúid de chuid na gComhphobal nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, más dóigh léi gur gá sin, a rá cad iad na héifeachtaí de bhreith neamhnithe na Cúirte Céadchéime a mheasfar a bheith críochnaitheach i leith na bpáirtithe sa dlíthíocht.

Airteagal 62

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 225(2) agus (3) de Chonradh CE agus in Airteagal 140a(2) agus (3) de Chonradh CEFA, nuair a mheasann an Chéad Abhcóide Ginearálta go bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht agus do chomhchuibheas dhlí an Chomhphobail, féadfaidh sé togra a dhéanamh go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Céadchéime a athbhreithniú.

Ní foláir an togra a dhéanamh laistigh de mhí ón tráth a thugann an Chúirt Chéadchéime an bhreith. Laistigh de mhí tar éis di an togra ón gCéad Abhcóide Ginearálta a fháil, cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais an cóir nó nach cóir an bhreith a athbhreithniú.

TEIDEAL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 63*

Beidh i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Céadchéime aon fhorálacha eile is gá chun an Reacht seo a chur chun feidhme agus, más gá, chun é a fhorlíonadh.

Airteagal 64

Go dtí go nglactar sa Reacht seo na socruithe teanga is infheidhme sa Chúirt Bhreithiúnais agus sa Chúirt Chéadchéime, leanfaidh na forálacha i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Céadchéime a rialáíonn socruithe teanga d'fheidhm a bheith acu. Ní fhéadfar na forálacha sin a leasú nó a aisghairm ach amháin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos chun an Reacht seo a leasú.

**C. PRÓTACAIL ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN
CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

**Prótacal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in
éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO ceisteanna áirithe a réiteach maidir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) a dhul in éag;

ÓS MIAN LEO sealúchas chistí CEGC a bhronnadh ar an Aontas Eorpach;

AG CUR SAN ÁIREAMH DÓIBH gurb inmhianaithe na cistí sin a úsáid le haghaidh taighde i réimsí atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach agus gur gá dá bharr sin rialacha sonracha áirithe a bhunú i dtaca leis sin;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

Airteagal 1

1. Déanfar sócmhainní agus dócmhainní uile CEGC, faoi mar atá siad ar an 23 Iúil 2002, a aistriú chuig an gComhphobal Eorpach ar an 24 Iúil 2002.

2. Faoi réir aon mhéadú nó laghdú a fhéadfaidh tarlú de thoradh ar na hoibríochtaí leachtaithe, measfar glanluach na sócmhainní agus na ndócmhainní sin, faoi mar a thaispeántar iad i gclár comhardaithe CEGC an 23 Iúil 2002, mar shócmhainní atá ceaptha le haghaidh taighde sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach, dá dtagraítear mar “CEGC faoi leachtú”. Ar an leachtú a bheith críochnaithe, tagrófar dóibh mar “Sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach”.

3. An t-ioncam ó na sócmhainní sin, dá dtagraítear mar “An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach”, bainfear leas eisiach as le haghaidh taighde, lasmuigh den chlár réime taighde, sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach i gcomhréir le forálacha an Phrótaicail seo agus na gníomhartha arna nglacadh dá bhun.

Airteagal 2

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na forálacha is gá chun an Prótacal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na prionsabail shár-riachtanacha agus na nósanna imeachta iomchuí cinnteoireachta, go háirithe d'fhonn na treoirlínte ilbhliantúla airgeadais a ghlacadh le haghaidh sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistíocht agus treoirlínte teicniúla a ghlacadh do chlár taighde an Chiste sin.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, mura bhforáiltear a mhalairt sa Phrótacal seo agus sna gníomhartha arna nglacadh dá bhun.

Airteagal 4

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo amhail ón 24 Iúil 2002.

Prótacal maidir le hAirteagal 67 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

Airteagal aonair

Amhail ón 1 Bealtaine 2004, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa chun na bearta dá dtagraítear in Airteagal 66 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a ghlacadh.

AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

Tá an CHOMHDHÁIL D'IONADAITHE DO RIALTAIS NA mBALLSTÁT a comóradh sa Bhruiséil ar an 14 Feabhra 2000 chun na leasuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar na Conarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach faoi seach agus ar Ionstraimí gaolmhara áirithe a ghlacadh de thoil a chéile, tar éis na téacsanna seo a leanas a ghlacadh:

I. Conradh Nice ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus Ionstraimí gaolmhara eile

II. Prótacail

A. Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach:

— Prótacal maidir le méadú an Aontais Eorpaigh

B. Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach

— Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais

C. Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

— Prótacal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach

— Prótacal maidir le hAirteagal 67 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Ghlac an Chomhdháil na dearbhuithe seo a leanas atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

1. Dearbhú maidir leis an mbeartas Eorpach slándála agus cosanta
2. Dearbhú maidir le hAirteagal 31(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach
3. Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
4. Dearbhú maidir leis an tríú mír d'Airteagal 21 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
5. Dearbhú maidir le hAirteagal 67 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
6. Dearbhú maidir le hAirteagal 100 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
7. Dearbhú maidir le hAirteagal 111 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
8. Dearbhú maidir le hAirteagal 137 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

9. Dearbhú maidir le hAirteagal 175 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
10. Dearbhú maidir le hAirteagal 181a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
11. Dearbhú maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
12. Dearbhú maidir le hAirteagal 225 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
13. Dearbhú maidir le hAirteagal 225(2) agus (3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
14. Dearbhú maidir le hAirteagal 225(2) agus (3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
15. Dearbhú maidir le hAirteagal 225(3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
16. Dearbhú maidir le hAirteagal 225a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
17. Dearbhú maidir le hAirteagal 229a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
18. Dearbhú maidir leis an gCúirt Iniúchóirí
19. Dearbhú maidir le hAirteagal 10.6 de Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh
20. Dearbhú maidir le méadú an Aontais Eorpaigh
21. Dearbhú maidir leis an tairseach le haghaidh tromlaigh cháilithe agus leis an líon vótaí le haghaidh mionlaigh bhlocála in Aontas méadaithe
22. Dearbhú maidir leis an láthair ina dtionólfar na Comhairlí Eorpacha
23. Dearbhú maidir le todhchaí an Aontais
24. Dearbhú maidir le hAirteagal 2 de Phrótocal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEEC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach

Thug an Chomhdháil dá haire na dearbhuithe seo a leanas atá i gceangal leis an Ionstraim Chríoch-naitheach seo:

1. Dearbhú ó Lucsamburg
2. Dearbhú ón nGréig, ón Spáinn agus ón bPortaingéil maidir le hAirteagal 161 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
3. Dearbhú ón Danmhairg, ón Gearmáin, ón Ísiltír agus ón Ostair maidir le hAirteagal 161 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Hecho en Niza, el veintiséis de febrero de dos mil uno.

Udfærdiget i Nice, den seksogtyvende februar to tusind og et.

Geschehen zu Nizza am sechszwanzigsten Februar zweitausendeins.

Έγινε στη Νίκαια, στις είκοσι έξι Φεβρουαρίου του έτους δύο χιλιάδες ένα.

Done at Nice this twenty-sixth day of February in the year two thousand and one.

Fait à Nice, le vingt-six février de l'an deux mil un.

Arna dhéanamh in Nice ar an séú lá is fiche d'Fheabhra sa bhliain dhá mhíle is a haon.

Fatto a Nizza, addì ventisei febbraio duemilauno.

Gedaan te Nice, de zesentwintigste februari tweeduizend en een.

Feito em Nice, em vinte e seis de Fevereiro de dois mil e um.

Tehty Nizzassa kahdentenäkymmenentenäkuudentena helmikuuta 2001.

Utfärdat i Nice den tjugosjätte februari år tjugohundraett.

Pour Sa Majesté le Roi des Belges
Voor Zijne Majesteit de Koning der Belgen
Für Seine Majestät den König der Belgier

Cette signature engage également la Communauté française, la Communauté flamande, la Communauté germanophone, la Région wallonne, la Région flamande et la Région de Bruxelles-Capitale.

Deze handtekening verbindt eveneens de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschap, de Duitstalige Gemeenschap, het Vlaamse Gewest, het Waalse Gewest en het Brussels Hoofdstedelijk Gewest.


Diese Unterschrift bindet zugleich die Deutschsprachige Gemeinschaft, die Flämische Gemeinschaft, die Französische Gemeinschaft, die Wallonische Region, die Flämische Region und die Region Brüssel-Hauptstadt.

For Hendes Majestæt Danmarks Dronning

Für den Präsidenten der Bundesrepublik Deutschland

Για τον Πρόεδρο της Ελληνικής Δημοκρατίας


Por Su Majestad el Rey de España

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'J. Aznar', written over a horizontal line. The signature is stylized and cursive.

Pour le Président de la République française

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'J. Chirac', written over a horizontal line. The signature is stylized and cursive.


Thar ceann Uachtarán na hÉireann
For the President of Ireland

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'B. Deane', written over a horizontal line. The signature is stylized and cursive.

Per il Presidente della Repubblica italiana

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'C. De Michelis', written over a horizontal line. The signature is stylized and cursive.


Pour Son Altesse Royale le Grand-Duc de Luxembourg

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'Jean', written in a cursive style.

Voor Hare Majesteit de Koningin der Nederlanden

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'Beatrix', written in a cursive style.

Für den Bundespräsidenten der Republik Österreich

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'Thomas Klestil', written in a cursive style.

Pelo Presidente da República Portuguesa

A handwritten signature in black ink, appearing to be 'Mário Soares', written in a cursive style.


Suomen Tasavallan Presidentin puolesta
För Republiken Finlands President



För Hans Majestät Konungen av Sverige



For Her Majesty the Queen of the United Kingdom
of Great Britain and Northern Ireland



DEARBHUITHE ARNA nGLACADH AG AN gCOMHDHÁIL

1. Dearbhú maidir leis an mbeartas Eorpach slándála agus cosanta

I gcomhréir leis na téacsanna arna bhformheas ag an gComhairle Eorpach in Nice maidir leis an mbeartas Eorpach slándála agus cosanta (tuarascáil na hUachtaránachta agus Iarscríbhinní), is é an cuspóir don Aontas Eorpach go dtiocfadh an beartas sin chun bheith oibríochtúil go tapa. Glacfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh chuige sin a luaithe is féidir i 2001, agus tráth nach déanaí ná a cruinniú in Laeken/an Bhruiséil ar bhonn na bhforálacha atá ann den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Dá dheasca sin, ní réamhchoinníoll é Conradh Nice a theacht i bhfeidhm.

2. Dearbhú maidir le hAirteagal 31(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach

Meabhraítear don Chomhdháil:

- go ndearnadh foráil i gconclúidí na hUachtaránachta don Chomhairle Eorpach in Tampere ar an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 1999 maidir le cinneadh chun aonad a chur ar bun arna chomhdhéanamh d'ionchúisitheoirí náisiúnta, máistreoirí náisiúnta nó oifigigh phóilíneachta náisiúnta a bhfuil inniúlacht choibhéiseach acu ar iasacht ó gach Ballstát (Eurojust), a bhfuil sé de chúram air dea-chomhordú a éascú idir údaráis náisiúnta ionchúisimh agus tacú le himscrúduithe i gcásanna de choirpeacht eagraithe;
- gur cuireadh an Gréasán Breithiúnach Eorpach ar bun le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/428/CGB arna glacadh ag an gComhairle ar an 29 Meitheamh 1998 (IO L 191, 7.7.1998, lch. 4).

3. Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Meabhraítear don Chomhdháil, maidir leis an dualgas um chomhar ionraic a thig ó Airteagal 10 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus a bhfuil caidreamh idir na Ballstáit agus na hinstiúidí Comhphobail faoi rialú aige, go bhfuil an caidreamh idir na hinstiúidí Comhphobail féin faoina rialú freisin. Sa chaidreamh idir na hinstiúidí sin, nuair is gá, i gcomhthéacs an dualgais sin um chomhar ionraic, cur i bhfeidhm na bhforálacha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a éascú, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún comhaontuithe idirinstiúidí-deacha a thabhairt i gcrích. Ní fhéadfaidh comhaontuithe den sórt sin forálacha an Chonartha a leasú nó a fhorlónadh agus ní fhéadfar iad a thabhairt i gcrích ach amháin le comhaontú ó na trí instiúid sin.

4. Dearbhú maidir leis an tríú mír d'Airteagal 21 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Iarrann an Chomhdháil ar na hinstiúidí agus na comhlachtaí dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 21 nó in Airteagal 7 a áirithiú go dtabharfar freagra laistigh de thréimhse réasúnta ar iarraidh i scríbhinn ó shaoránach den Aontas.

5. Dearbhú maidir le hAirteagal 67 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Comhaontaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha go ndéanfaidh an Chomhairle, sa chinneadh a iarrtar uirthi a ghlacadh de bhun an dara fleasc d'Airteagal 67(2):

- amhail ón 1 Bealtaine 2004, cinneadh chun gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 chun na bearta dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 62 agus i bpointe (3)(b) d'Airteagal 63;
- cinneadh chun gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 chun na bearta dá dtagraítear i bpointe (2)(a) d'Airteagal 62 a ghlacadh, amhail ón dáta a thioctar ar comhaontú maidir le raon feidhme na mbeart a bhaineann le daoine do thrasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Fairis sin, féachfaidh an Chomhairle leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 a dhéanamh infheidhme ón 1 Bealtaine 2004 nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin maidir leis na réimsí eile atá folaithe i dTeideal IV nó maidir le roinnt díobh.

6. Dearbhú maidir le hAirteagal 100 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Cinntí maidir le cabhair airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 100 agus atá ag luí leis an riail nach féidir dul i mbannaí (“no bail-out”) atá leagtha síos in Airteagal 103, meabhraítear don Chomhdháil nach foláir dóibh an pheirspictíocht airgeadais 2000-2006, agus go háirithe mír 11 de Chomhaontú Idirinsti-tiúideach an 6 Bealtaine idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus leis an nós imeachta buiséadach a fheabhsú, agus na forálacha comhfhreagracha de chomhaontuithe idirinstiúideacha agus de pheirspictíochtaí airgeadais sa todhchaí a chomhlíonadh.

7. Dearbhú maidir le hAirteagal 111 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Comhaontaíonn an Chomhdháil go mbeidh na nósanna imeachta de chineál a chumasaíonn do na Ballstáit go léir sa limistéar euro a bheith lánpháirteach ag gach céim nuair atá seasamh an Chomhphobail ar leibhéal idirnáisiúnta á ullmhú maidir le saincheisteanna is ábhartha ach go háirithe don aontas eacnamaíoch agus airgeadais.

8. Dearbhú maidir le hAirteagal 137 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Comhaontaíonn an Chomhdháil go ndéanfar aon chaiteachas a thabhaítear de bhun Airteagal 137 a mhuirearú ar cheannteideal 3 den pheirspictíocht airgeadais.

9. Dearbhú maidir le hAirteagal 175 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Tá de rún daingean ag na hArdpháirtithe Conarthacha féachaint chuige go n-imreoidh an tAontas Eorpach ról ceannaireachta chun cosaint an chomhshaoil a chur ar aghaidh san Aontas agus in iarrachtaí idirnáisiúnta chun an cuspóir céanna a shaothrú ar leibhéal domhanda. Ní foláir leas iomlán a bhaint as gach deis a chuireann an Conradh ar fáil chun an cuspóir sin a shaothrú, lena n-áirítear leas a bhaint as bearta dreasachta agus ionstraimí atá dírithe ar an margadh agus ceaptha chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh.

10. Dearbhú maidir le hAirteagal 181a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, daingníonn an Chomhdháil nach dtagann cabhair do thríú tíortha maidir le comhardú íocaíochtaí laistigh de raon feidhme Airteagal 181a.

11. Dearbhú maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Meabhraítear don Chomhdháil nach bhfuil aon aistriú cumhachtaí chuig an gComhphobal le tuiscint ó fhorálacha Airteagal 191 agus nach ndéanann siad difear do na rialacha náisiúnta bunreachtúla ábhartha a chur i bhfeidhm.

Ní féidir leas a bhaint as maoiniú na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach a thagann ó bhuiséad na gComhphobal Eorpach ar mhaithe le páirtithe polaitiúla ar leibhéal náisiúnta a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach.

Beidh feidhm, ar an mbonn céanna, ag na forálacha a bhaineann leis na páirtithe polaitiúla a mhaoiniú maidir leis na fórsaí polaitiúla go léir atá ionadaithe i bParlaimint na hEorpa.

12. Dearbhú maidir le hAirteagal 225 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Iarrann an Chomhdháil ar an gCúirt Bhreithiúnais agus ar an gCoimisiún scrúdú cuimsitheach a dhéanamh a luaithe is féidir ar roinnt na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Chéadchéime, go háirithe i réimse na gcaingne díreacha, agus tograí iomchuí a thíolacadh lena scrúdú ag na comhlachtaí inniúla a luaithe a thioctaidh Conradh Nice i bhfeidhm.

13. Dearbhú maidir le hAirteagal 225(2) agus (3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Measann an Chomhdháil gur cóir na forálacha sár-riachtanacha den nós imeachta um athbhreithniú in Airteagal 225(2) agus (3) a shainiú i Reacht na Cúirte Breithiúnais. Is cóir a shonrú go háirithe sna forálacha sin:

- ról na bpáirtithe in imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais, d'fhonn a gcearta a choimirciú;
- éifeacht an nós imeachta um athbhreithniú ar infhorghníomhaitheacht na breithe ón gCúirt Chéadchéime;
- éifeacht na breithe ón gCúirt Bhreithiúnais ar an díospóid idir na páirtithe.

14. Dearbhú maidir le hAirteagal 225(2) agus (3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Measann an Chomhdháil gur cóir don Chomhairle, agus í ag glacadh na bhforálacha sin den Reacht is gá chun Airteagal 225(2) agus (3) a chur chun feidhme, nós imeachta a chur ar bun chun a áirithiú go ndéanfar meastóireacht ar oibriú praiticiúil na bhforálacha sin tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis Chonradh Nice a theacht i bhfeidhm.

15. Dearbhú maidir le hAirteagal 225(3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Measann an Chomhdháil gurb amhlaidh, i gcásanna eisceachtúla ina gcinneann an Chúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith ón gCúirt Chéadchéime maidir le ceist arna tarchur chun réamhrialú, gur cóir don Chúirt Bhreithiúnais gníomhú faoi nós imeachta práinne.

16. Dearbhú maidir le hAirteagal 225a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Iarrann an Chomhdháil ar an gCúirt Bhreithiúnais agus ar an gCoimisiún dréachtchinnadh a ullmhú a luaithe is féidir ag bunú painéal breithiúnach a bhfuil dlínse aici breithiúnais a thabhairt ag céadchéim ar dhíospóidí idir an Comhphobal agus a chuid seirbhíseach.

17. Dearbhú maidir le hAirteagal 229a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Measann an Chomhdháil nach ndéanann Airteagal 229a dochar do roghnú an chreata bhreithiúnaigh a fhéadfar a chur ar bun chun déileáil le díospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm gníomhartha arna nglacadh ar bhonn an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chruthaíonn cearta Comhphobail maoinne tionsclaíche.

18. Dearbhú maidir leis an gCúirt Iniúchóirí

Iarrann an Chomhdháil ar an gCúirt Iniúchóirí agus na hinstiúidí náisiúnta iniúchóireachta an creat agus na dálaí le haghaidh comhair eatarthu a fheabhsú, agus a n-uathriail faoi seach á cothabháil. Chuige sin, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí coiste tadhaill a chur ar bun in éineacht le cathaoirligh na n-instiúidí náisiúnta iniúchóireachta.

19. Dearbhú maidir le hAirteagal 10.6 de Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh

Tá an Chomhdháil ag súil go ndéanfar moladh de réir bhrí Airteagal 10.6 de Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh a thíolacadh a luaithe is féidir.

20. Dearbhú maidir le méadú an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁾

An comhsheasamh a ghlacfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh ag na comhdhálacha aontachais maidir le suíocháin a dháileadh i bParlaimint na hEorpa, le hualú vótaí sa Chomhairle, le comhdhéanamh an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus le comhdhéanamh Choiste na Réigiún, comhfhreagróidh sé do na táblaí seo a leanas le haghaidh Aontais ina bhfuil 27 Ballstát.

⁽¹⁾ Ní chuirtear san áireamh sna táblaí sa Dearbhú seo ach na tíortha is iarrthóirí a bhfuiltear tar éis tús iarbhír a chur le caibidlí aontachais leo.

1. PARLAIMINT NA hEORPA

Ballstát	Suíocháin PE
An Ghearmáin	99
An Ríocht Aontaithe	72
An Fhrainc	72
An Iodáil	72
An Spáinn	50
An Pholainn	50
An Rómáin	33
An Ísiltír	25
An Ghréig	22
Poblacht na Seice	20
An Bheilg	22
An Ungáir	20
An Phortaingéil	22
An tSualainn	18
An Bhulgáir	17
An Ostair	17
An tSlóvaic	13
An Danmhairg	13
An Fhionlainn	13
Éire	12
An Liotuáin	12
An Laitvia	8
An tSlóivéin	7
An Eastóin	6
An Chipir	6
Lucsamburg	6
Málta	5
Iomlán	732

2. UALÚ VÓTAÍ SA CHOMHAIRLE

Comhaltaí na comhairle	Vótaí ualaithe
An Ghearmáin	29
An Ríocht Aontaithe	29
An Fhrainc	29
An Iodáil	29
An Spáinn	27
An Pholainn	27
An Rómáin	14
An Ísiltír	13
An Ghréig	12
Poblacht na Seice	12
An Bheilg	12
An Ungáir	12
An Phortaingéil	12
An tSualainn	10
An Bhulgáir	10
An Ostair	10
An tSlóvaic	7
An Danmhairg	7
An Fhionlainn	7
Éire	7
An Liotuáin	7
An Laitvia	4
An tSlóivéin	4
An Eastóin	4
An Chipir	4
Lucsamburg	4
Málta	3
Iomlán	345

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá cuid nach lú ná 258 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag tromlach na gcomhaltaí sa chás ina gceanglaíonn an Conradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún.

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle i gcásanna eile, is gá cuid nach lú ná vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad.

Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfioraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62 % ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhalta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht.

3. AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

Ballstát	Comhaltaí
An Ghearmáin	24
An Ríocht Aontaithe	24
An Fhrainc	24
An Iodáil	24
An Spáinn	21
An Pholainn	21
An Rómáin	15
An Ísiltír	12
An Ghréig	12
Poblacht na Seice	12
An Bheilg	12
An Ungáir	12
An Phortaingéil	12
An tSualainn	12
An Bhulgáir	12
An Ostair	12
An tSlóvaic	9
An Danmhairg	9
An Fhionlainn	9
Éire	9
An Liotuáin	9
An Laitvia	7
An tSlóivéin	7
An Eastóin	7
An Chipir	6
Lucsamburg	6
Málta	5
Iomlán	344

4. COISTE NA RÉIGIÚN

Ballstát	Comhaltaí
An Ghearmáin	24
An Ríocht Aontaithe	24
An Fhrainc	24
An Iodáil	24
An Spáinn	21
An Pholainn	21
An Rómáin	15
An Ísiltír	12
An Ghréig	12
Poblacht na Seice	12
An Bheilg	12
An Ungáir	12
An Phortaingéil	12
An tSualainn	12
An Bhulgáir	12
An Ostair	12
An tSlóvaic	9
An Danmhairg	9
An Fhionlainn	9
Éire	9
An Liotuáin	9
An Laitvia	7
An tSlóivéin	7
An Eastóin	7
An Chipir	6
Lucsamburg	6
Málta	5
Iomlán	344

21. Dearbhú maidir leis an tairseach le haghaidh tromlaigh cáilithe agus leis an líon vótaí le haghaidh mionlaigh bhlocála in Aontas méadaithe

Sa mhéid nach bhfuil gach tír is iarrthóir atá liostaithe sa Dearbhú maidir le méadú an Aontais Eorpaigh tar éis aontú fós don Aontas nuair a thagann an t-ualú nua vótaí i bhfeidhm (1 Eanáir 2005), athrófar an tairseach le haghaidh tromlaigh cháilithe ó chéatadán is lú ná an céatadán láithreach go dtí uasmhéid 73,4 %, de réir rithim na n-aontachas. Nuair a bheidh na tíortha go léir is iarrthóirí atá luaite thuas tar éis aontú, ardófar go 91 vóta an mionlach blocála in Aontas ina bhfuil 27 Ballstát agus déanfar an tairseach le haghaidh tromlaigh cháilithe a thig ón tábla sa Dearbhú maidir le méadú a oiriúnú go huathoibríoch dá réir.

22. Dearbhú maidir leis an láthair ina dtionólfar na Comhairlí Eorpacha

Amhail ó 2002, is sa Bhruiséil a thionólfar cruinniú amháin den Chomhairle Eorpach in aghaidh na hUachtaránachta. Nuair a bheidh ocht gcomhalta dhéag san Aontas, is sa Bhruiséil a thionólfar na cruinnithe go léir den Chomhairle Eorpach.

23. Dearbhú maidir le todhchaí an Aontais

1. Cinneadh ar athchóirithe tábhachtacha in Nice. Is aoibhinn leis an gComhdháil gur éirigh chomh maith sin le Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát agus tugann sí gealltanas thar ceann na mBallstát gníomhú ar dhóigh go ndaingneofar Conradh Nice gan mhoill.
2. Comhaontaíonn sí go ndéanann an clabhsúr a cuireadh ar Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát an bealach a oscailt do mhéadú an Aontais Eorpaigh agus cuireann sí i bhfios go láidir go mbeidh na hathruithe institiúideacha is gá d'aontachas Ballstát nua bainte amach ag an Aontas Eorpach a luaite atá Conradh Nice daingnithe.
3. Tar éis an bealach a oscailt amhlaidh don mhéadú, iarrann an Chomhdháil go mbeadh díospóireacht níos doimhne agus níos leithne ann ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh. I 2001, cothóidh an Uachtaránacht Shualannach agus an Uachtaránacht Bheilgeach, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa, díospóireacht leathan leis na páirtithe leasmhara uile ionadaithe do pharlaimintí náisiúnta agus dóibh siúd a chuireann tuairim an phobail in iúl, is é sin lucht polaitíochta, eacnamaíochta, ollscoile, ionadaithe don tsochaí shibhialta etc. Beidh na Stáit is iarrthóirí bainteach leis na bpróiseas sin ar mhodhanna atá le sainiú.
4. I ndiaidh tuarascáil a tharraingeofar suas don Chomhairle Eorpach in Göteborg i Meitheamh 2001, glacfaidh an Chomhairle Eorpach ag a cruinniú in Laeken/an Bhruiséil i Nollaig 2001 dearbhú ina mbeidh na tionscnaimh iomchuí chun leanúint leis an bpróiseas sin.
5. Ba chóir don phróiseas na ceisteanna seo a leanas, inter alia, a fholú:
 - conas is féidir teorannú cumhachtaí níos cruinne a fhreagraíonn do phrionsabal na coimhdeachta a bhunú agus a choinneáil ar bun idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit;
 - stádas na Cairte um Chearta Bunúsacha arna forógairt in Nice, i gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí in Köln;

- na Conarthaí a shimpliú d'fhonn iad a dhéanamh níos soiléire agus níos sothuigthe, gan a mbrí a athrú;
 - ról na bparlaimintí náisiúnta in ailtireacht na hEorpa.
6. Agus aghaidh á tabhairt aici ar na ceistanna seo, aithníonn an Chomhdháil an gá le dlisteanacht dhaonlathach agus trédhearcacht an Aontais agus a institiúidí a fheabhsú agus faireachán a dhéanamh orthu d'fhonn an tAontas agus a institiúidí a thabhairt níos cóngaraí do shaoránaigh na mBallstát.
7. Comhaontaíonn an Chomhdháil, ar an ullmhúchán sin a bheith déanta, go dtionólfar Comhdháil nua d'Ionadaithe Rialtais na mBallstát i 2004 chun déileáil leis na saincheistanna thuasluaite d'fhonn na hathruithe comhfhreagracha a dhéanamh ar na Conarthaí.
8. Ní bheidh Comhdháil Ionadaithe na mBallstát ina bac nó ina réamhchoinníoll ar dhóigh ar bith do phróiseas an mhéadaithe. Fairis sin, iarrfar ar na Stáit sin is iarrthóirí a bhfuil caibidlíocht aontachais críochnaithe acu páirt a ghlacadh sa Chomhdháil. Iarrfar ar na Stáit is iarrthóirí nach bhfuil a gcaibidlíocht aontachais críochnaithe acu bheith rannpháirteach mar bhreathnadóirí.

24. Dearbhú maidir le hAirteagal 2 de Phrótacal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach

Iarrann an Chomhdháil ar an gComhairle a áirithiú, faoi chuimsiú Airteagal 2 den Phrótacal, go gcoinnítear córas staidrimh CEGC ar bun tar éis Conradh CEGC a dhul in éag go dtí an 31 Nollaig 2002 agus iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí iomchuí a dhéanamh.

DEARBHUITHE A THUG AN CHOMHDHÁIL DÁ HAIRE

1. Dearbhú ó Lucsamburg

Gan dochar do Chinneadh an 8 Aibreán 1965 agus do na forálacha agus na féidearthachtaí ata ann maidir le suíomh institiúidí, comhlachtaí agus rann atá le cur ar bun, gabhann Rialtas Lucsamburg air féin gan suíomh na mBord Achomharc den Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (trádmharcanna agus dearaí) a fhanfaidh in Alicante a éileamh fiú dá dtiocfadh na Boird sin chun bheith ina bpainéil bhreithiúnacha de réir bhrí Airteagal 220 den Chonradh ag bunú an Chomhobail Eorpaigh.

2. Dearbhú ón nGréig, ón Spáinn agus ón bPortaingéil maidir le hAirteagal 161 den Chonradh ag bunú an Chomhobail Eorpaigh

Tá an Ghréig, an Spáinn agus an Phortaingéil tar éis comhaontú leis an athrú go dtí tromlach cáilithe in Airteagal 161 den Chonradh ag bunú an Chomhobail Eorpaigh ar an mbonn gurb é is ciall le “ilbh-liantúil” sa tríú mír go mbeidh ag an bpeirspictíocht airgeadais is infheidhme ón 1 Eanáir 2007 agus ag an gComhaontú Idirinstitiúideach a bhaineann léi an ré chéanna is atá ag an bpeirspictíocht airgeadais reatha.

3. Dearbhú ón Danmhairg, ón Gearmáin, ón Ísiltír agus ón Ostair maidir le hAirteagal 161 den Chonradh ag bunú an Chomhobail Eorpaigh

I dtaca leis an Dearbhú ón nGréig, ón Spáinn agus ón bPortaingéil maidir le hAirteagal 161 den Chonradh ag bunú an Chomhobail Eorpaigh, dearbhaíonn an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Ostair go bhfuil an Dearbhú sin gan dochar do ghníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh, go háirithe i ndáil lena cheart tionscnaimh.
